AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

CAIRT CEARTA D'FHEIRMEOIRÍ 2005/2007

AN ROINN
TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD

An Roinn Talmhaíochta agus Bia
Teach Talmhaíochta
Sráid Chill Dara
Bhaile Átha Cliath 2

CAIRT CEARTA D'FHEIRMEOIRÍ 2005/2007

AN ROINN
TALMHAÍOCHTA AGUS BIA
THE DEPARTMENT OF AGRICULTURE & FOOD

CLÁR

RÉAMHRÁ AN AIRE 2

RÉAMHRÁ AN ARD-RÚNAÍ 3

1) SEIRBHÍS AR ARDCHAIGHDEÁN 4
- a) Ról Na Roinne 4
- b) Ról An Fheirmeora 5

2) ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ NA ROINNE 6
- a) Foinsí Eolais 6
- b) Uaireanta Oscailte Oifigí Áitiúla 6
- c) Ríomhphost 6
- d) Glór-phost 6

3) SCÉIM UM ÍOCAÍOCHT SHINGIL 7

4) SCÉIM NA GCEANTAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE 23

5) SCÉIM COSANTA COMHSHAOIL TUAITHE (REPS) 28

6) SCÉIM UM LUATH-SCOR 30

7) DEONTAS COILLTEOIREACHTA AGUS SCÉIMEANNA PRÉIMHEANNA 32

8) SCÉIMEANNA INFHEISTÍOCHTA AR-FHEIRM 35
- a) Scéim Bainistiú Dramhaíola ar Fheirmeacha 35
- b) Scéim Sláinteachais Déirí 36
- c) Scéim Mhalartach Fiontar 38
- d) Scéim Chúnamh Suiteála 39
- e) Scéim Leasa Muc 40

9) SCÉIMEANNA SLÁINTE AINMHITHE 41
- a) Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise 41
- b) Scéimeanna Leasa Ainmhithe Eile 43

10) SAINCHEISTEANNA SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA D'OIFIGIGH CIGIREACHTA 45

11) GEARÁIN 46

12) NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHARC 47

13) MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ CAIRTEANNA 49

IARSCRÍBHINN 1 – Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (SMR) 50

IARSCRÍBHINN 2 – Coinníollacha Maithe Talmhaíochta agus Timpeallachta 53

IARSCRÍBHINN 3 – Scéim um Íocaíocht Shingil – Tras-Chomhlíonadh 54

IARSCRÍBHINN 4 – Giorruithe 61

Réamhrá an Aire

Mary Coughlan, T.D.,
An Aire Roinn Talmhaíochta agus Bia

John Browne, T.D.,
Aire Stáit

Brendan Smith, T.D.,
Aire Stáit

Tugann sé an-phléisiúr dom an Chairt Cearta d'Fheirmeoirí seo a chur i láthair, a thógann áit an Phrótacail ar Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí, a lainseáladh i 2000. Is í an ceann is deireannaí í i sraith tionscnamh seirbhísí custaiméirí cáilíochta, ar ghlac mo Roinn leo le déanaí. Agus í ullmhaithe i gcomhchomhairle leis na Páirtnéirí Sóisialta i réimse na Talmhaíochta, leagann sí amach spriocanna seachadta sonracha i gcóir go leor seirbhísí agus íocaíochtaí scéime dár gcustaiméirí atá ag feirmeoireacht. Cuimsíonn an chairt seo réimse na Foraoiseachta, maraon le ERAD agus réimsí Sláinte Ainmhithe.

Is ábhar an-tábhachtach é seirbhís custaiméara cáilíochta agus tá mo Roinn tar éis eirí an-ghníomhach ó thaobh seirbhís cáilíochta a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Tá fhios agam go maith cé chomh tábhachtach is atá íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí agus muid ag druidim i dtreo aois nua na híocaíochta aonair. Glactar leis an ngá eolas a chur ar fáil ar bhealach atá sothuigthe ionas go gcuirfear ar chumas feirmeoirí téarmaí agus coinníollacha na scéimeanna ábhartha a thuiscint agus a chomhlíonadh, mar aon leis an ngá ár ndualgais de réir rialacháin Náisiúnta agus an AE a chomhlíonadh.

Agus é ag glacadh le timpeallacht atá ag athrú go mear in earnáil talmhaíochta atá bríomhar, soláthraíonn an Chairt seo modh chun dul i gcomhchomhairle ar bhonn rialta leis na Páirtnéirí Sóisialta sa réimse Feirmeoireachta ar sheachadadh na seirbhísí seo agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiúchán in aghaidh spriocanna aontaithe.

Creidim go dtabhfarfaidh an chairt seo, agus obair a coiste, an-chúnamh d'fheirmeoirí agus don earnáil talmhaíochta a bheith rathúil sa todhchaí.

Mary Coughlan

Réamhrá an Ard-Rúnaí

Tom Moran,
Ard-Rúnaí

Cuireann an Chairt seo ar Chearta Feirmeoirí leis an méid dul chun cinn atá bainte amach cheana féin sa Phrótacal ar Íocaíochtaí Díreacha d'Fheirmeoirí 2000. Mar aon leis an bPlean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí agus an Chairt do Chustaiméirí, léiríonn sí an tiomantas leanúnach atá againn caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí atá ag feirmeoireacht a fheabhsú. Leagann sí amach i ngnáthfhocail na mionsonraí ar réimse leathan scéimeanna atá ar fáil d'fheirmeoirí agus sonraíonn sé spriocanna seachadta agus seirbhíse.

Tá an Roinn tiomanta do 12 prionsabal Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí atá leagtha amach inár bPlean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí agus an Chairt do Chustaiméirí. Treoraíonn na prionsabail seo i gcónaí an cur chuige atá againn i dtaobh saincheisteanna seachadta seirbhíse. Tá sé de cheart ag custaiméirí go bhfreastalófaí orthu ar bhealach atá cóir, cothrom agus neamhchlaonta agus tá an Roinn tiomanta cinntiú go seachadfar seirbhísí go héifeachtach, go paiteanta agus i modh atá báúil don duine atá á n-úsáid. Sa chomhthéacs seo,

- Cuirfimid eolas cuimsitheach sothuigthe ar fáil, ar nósanna imeachta iarratas, ar sheiceanna riaracháin atá le déanamh, socruithe cigireachta, saincheisteanna intofachta agus comhlíontacha agus ar íocaíochtaí chomh maith le frámaí ama le haghaidh seachadadh na scéimeanna
- Rachaimid i gcomhchomhairle leis na comhlachtaí feirmeoireachta ar bhonn rialta ar sheachadadh na scéimeanna agus na seirbhísí sin
- Déanfaimid faireachán ar fheidhmiúchán atá bainte amach in aghaidh spriocanna aontaithe
- Leanfaimid ar aghaidh leis na Nósanna Imeachta Gearán
- Leanfaimid ar aghaidh leis an Nós Imeachta Achomarc a chothabháil

Baineann an Chairt seo leis an Scéim um Íocaíocht Feirm Aonair, an Scéim do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim Bhainistíochta Dramhaíl Feirme, an Scéim Sláinteachais Deiríochta, an Scéim Fiontair Mhalartaigh, an Scéim Cúnamh Suiteála, an Scéim Leasa Muc, an Scéim Luath Scoir, an Scéim Cosanta Comhshaoil Tuaithe, an Deontas Foraoiseachta agus Scéimeanna Préimh, Íocaíochtaí ERAD agus Scéimeanna eile Íocaíochtaí Sláinte Ainmhithe.

Tom Moran

1 SEIRBHÍS AR ARDCHAIGHDEÁN

1.a Ról na Roinne i gcinntiú Seirbhís ar Ardchaighdeán

Tá an Roinn tiomanta cinntiú i ngach ceann dár scéimeanna:

- go gcaithfear le gach iarratasóir go cothrom, go neamhchlaonta, go ceart agus i gcomhréir de réir na rialacha agus na rialacháin ábhartha
- go gcaithfear le gach iarratasóir go híogaireach de réir a gcúinsí féin ar bhealach atá ag teacht le dea-chleachtas custaiméara
- go gcaithfear le gach iarratasóir i gcomhréir de réir an dlí nó de réir rialacha eile a rialaíonn a gcuid teideal
- go ndéanfar cinneadh chomh sciobtha agus is féidir tar éis iarratas bailí a fháil (eadhon, foirm atá comhlánaithe go hiomlán agus go cruinn, agus a bhfuil cáipéisíocht chuí mar thaca léi agus atá leagtha isteach in am)
- go ndéanfar cinneadh bunaithe air sin atá ábhartha sna rialacha agus sna rialacháin a rialaíonn teidil de réir na scéime atá i gceist
- go n-íocfar gach iarratasóir in am ag teacht leis na spriocanna íocaíochta atá leagtha síos sa Chairt seo
- go gcuirfear an t-eolas riachtanach faoi scéimeanna ar fáil d'iarratasóirí ar bhealach atá éasca le húsáid
- go gcuirfear feabhas ar leibhéal spriocanna seirbhíse agus íocaíochta i rith téarma na Cairte seo
- go gcomhlíonfar na caighdeáin seirbhíse atá leagtha síos sa Phlean Gníomhartha um Sheirbhís do Chustaiméirí
- go mbainfear úsáid as teicneolaíocht eolais agus cumarsáide chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht seirbhísí a fheabhsú agus chun líon na gcuairteanna feirme a laghdú
- go gcuirfear san áireamh an chaoi atá feirmeoireacht ag athrú agus go bhfuil líon níos airde feirmeoirí páirt-aimseartha ann
- go gcuirfear san áireamh na deiseanna a chuirfear ar fáil trí dhíchúpláil a dhéanfaidh níos éasca d'fheirmeoirí an úsáid is mó a bhaint as acmhainní
- go gcuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoi na fáthanna gur tógadh cinneadh agus an ceart atá acu achomharc a dhéanamh ar chinneadh na Roinne, agus cén chaoi tabhairt faoi, sa chás gur theip ar a n-iarratas go hiomlán nó i bpáirt
- go gcomhoibreoidh oifigigh na Roinne go hiomlán in aon achomharc

1.b Ról an fheirmeora i gcinntiú Seirbhís ar Ard-chaighdeán

Is féidir leat cúnamh a thabhairt dúinn Seirbhís ar Ardchaighdeán a chur ar fáil trí na treoirlínte simplí seo a leanúint:

- Luaigh uimhreacha tagartha, sa chás go bhfuil siad ar fáil, i ngach comhfhreagras agus teagmháil leis an Roinn agus cuir an dáta ar gach comhfhreagras scríofa
- Bí ar an eolas go hiomlán maidir le téarmaí agus coinníollacha scéimeanna sula líonann tú isteach iarratais agus bíodh foirmeacha comhlánaithe go cúramach agus go soléite
- Tabhair eolas cruinn agus soiléir agus leag isteach gach caipéisíocht riachtanach chun tacú leis
- Bí cinnte go bhfuil iarratais comhlánaithe go hiomlán agus sínithe
- Leag isteach iarratais chomh luath agus is féidir roimh an dáta deiridh agus faigh cruthúnas postais
- Bí cinnte go seolann tú comhfhreagras go dtí an seoladh ceart
- Cuir ar an eolas muid faoi aon athrú i dtoscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ár gcinneadh
- Tabhair freagra sciobtha d'aon fhiosrú a dhéanfar nó le haon eolas breise a iarrfar mar thacú le hiarratais

Le do thoil, caith lenár bhfoireann leis an méid céanna cúirtéise lena bhfuil tú ag súil uainne.

2. ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ NA ROINNE

2.a Foinsí Eolais

Is féidir foilseacháin a thugann sonraí cuimsitheacha ar ár bpríomhscéimeanna agus seirbhísí, agus ar struchtúr agus obair na Roinne, a fháil ó roinnt foinsí:

- ón Rannán Gnóthaí Corporáideacha, Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01 607 2802
- ar ríomhphost ó publications@agriculture.gov.ie
- ar ár láithreán gréasáin www.agriculture.gov.ie
- ón ár n-oifigí poiblí

2.b Uaireanta Oscailte Oifigí Áitiúla

Cuireann gach Oifig Áitiúil de chuid na Roinne seirbhís ar fáil do chustaiméirí i rith na n-uaireanta 9.30 r.n. go 12.30 i.n. agus 2.00 i.n. go 5.00 i.n., Luan go hAoine. Breithneofar nuair is cuí ar an bhféidearthacht níos mó solúbthachta a bheith ann in uaireanta oscailte ár n-oifigí áitiúla (mar shampla, am lóin, sa tráthnóna i rith thréimhsí ard-éilimh), i gcomhthéacs athruithe i gcuinsí ár gcustaiméirí.

2.c Ríomhphost

Féadfar teagmháil a dhéanamh leis an Roinn freisin le ríomhphost. Cuirfear seoltaí ríomhphoist ar fáil i gcomhfhreagras a phléann le fiosruithe.

2.d Glór-phost

Sa chás nach bhfuil ball foirne in ann a g(h)uthán a fhreagairt, cuirfear áiseanna glór-phost ar fáil nuair is féidir. Glaofar ar ais ar an nglaoiteoir chomh luath agus is féidir. Sa chás nach bhfuil áiseanna glór-phoist ar fáil faoi láthair, cuirfear socruithe eile ina n-áit.

3. SCÉIM um ÍOCAÍOCHT SHINGIL

Cúlra

I ndiaidh fhoilsiú Rialachán Comhairle an AE 1782/2003 i Meán Fómhair 2003, rinne Éire an cinneadh, ar 19 Deireadh Fómhair 2003, na scéimeanna Préimheanna Beostoic agus Cúnaimh Curaíochta a dhíchúpláil ó tháirgeadh, le héifeacht ó 1 Eanáir 2005. Beidh an Scéim nua um Íocaíocht Shingil in ionad gach ceann de na scéimeanna íocaíochta díreacha faoi na scéimeanna Beostoic, Préimheanna agus Cúnaimh Curaíochta agus cuirfear i bhfeidhm í in Éirinn ó 2005 ar aghaidh. Mar aon leis sin, cuireadh i bhfeidhm Préimh nua Déiríochta don chéad uair i 2004. Cúpláladh é le táirgeadh bainne i 2004 (bunaithe ar an gcuóta bainne coinnithe ar an 31 Márta 2004) ach díchúpláfar é ó tháirgeadh bainne i 2005 (bunaithe ar an gcuóta bainne coinnithe ar an 31 Márta 2005) agus cuirfear é leis na teidil don Scéim um Íocaíocht Shingil atá ann anois.

Intofacht don Scéim um Íocaíocht Shingil

Go ginearálta, baineann an Scéim um Íocaíocht Shingil le feirmeoirí a bhí ag feirmeoireacht go gníomhach i rith na mblianta tagartha 2000, 2001 agus 2002, a íocadh Préimheanna Beostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta leo i gceann amháin no níos mó de na blianta sin agus a bheidh ag feirmeoireacht i 2005. Tá an Íocaíocht Shingil roimh aisbhaintí bunaithe ar mheán-líon na n-ainmhithe agus/nó meán-líon na heicteár (i gcás Cúnamh Curaíochta) ar a ndearnadh íocaíochtaí sna trí bliana tagartha.

Tá teidil "bunaithe" do gach feirmeoir a fuair íocaíochtaí préimhe i rith na tréimhse tagartha. Chomh luath is atá sé bunaithe, is féidir an teideal a "bheoú" trí foirm iarratais d'Íocaíocht Shingil a leagan isteach roimh an 16 Bealtaine 2005. Tá feirmeoirí ag déanamh dearbhú úinéireachta ar na teidil seo tríd an teideal a bheoú. Má tá talamh ar láimh an fheirmeora ar feadh tréimhse 10 mí nach dtosaíonn níos luaithe ná 1 Meán Fómhair na bliana roimh dháta an iarratais agus nach déanaí ná 30 Aibreán i mbliain an iarratais, is féidir leis an bhfeirmeoir an talamh seo a dhearbhú ar mhaithe lena t(h)eideal a úsáid. Bainfidh gach heictéar "úsáid" as teideal amháin. Nuair atá teidil úsáidte, eiseofar an íocaíocht.

Tras-Chomhlíonadh

Nuair a bhunaigh siad réimeas na hÍocaíochta Singil, d'aithin Comhairle na nAirí de chuid an Aontais Eorpaigh go soiléir go bhfuil freagrachtaí tábhachtacha i leith chaomhnú na timpeallachta, leas agus sláinte aimhithe agus sláinte poiblí ag feirmeoirí atá ag fáil íocaíochtaí. Ceann de na bunchlocha de dhíchúpláil íocaíochtaí díreacha ó tháirgeadh mar sin ná an nasc idir tacaíocht an AE do thalamhaíocht de réir na scéime um Íocaíocht Shingil agus bearta a bhfuil sé mar aidhm acu an timpeallacht a chosaint chomh maith le hard-chaighdeáin a bhaint amach i sábháilteacht bia agus i sláinte agus leas ainmhithe. De

réir na Scéime um Íocaíocht Shingil, éilítear go gcomhlíonfadh feirmeoirí na Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (SMRanna) éagsúla atá leagtha síos i reachtaíocht an AE (Treoir agus Rialacháin) ar an timpeallacht, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe, agus talamh a choinneáil i gCaoi Mhaith Talmhaíochta agus Timpeallachta (GAEC). **Tras-chomhlíonadh** a thugtar air seo. Tá na riachtanais tras-chomhlíonta á gcéimniú isteach thar thréimhse trí bliana.

Déileáileann an leabhrán seo le saincheisteanna áirithe a bhaineann le nósanna imeachta, cosúil le riarachán na scéime agus socruithe cigireachta, maidir le hintofacht agus tras-chomhlíonadh araon. Tá na Caighdeáin Tras-Chomhlíonta sonracha leagtha amach i Leabhrán dar teideal **'The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance'** atá eisithe d'fheirmeoirí cheana féin.

Ní hé aidhm na riachtanas tras-chomhlíonta i gcomhthéacs na Scéime um Íocaíocht Shingil teacht ina áit sin atá ina dhlí ar feadh na mblianta agus atá faoi réir smachta agus forfheidhmithe ag na hÚdaráis Smachta ábhartha (eadhon, an Roinn Talmhaíochta agus Bia, agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil). Is é an iarmhairt/toradh a bheidh ar sháruithe Tras-Chomhlíonta, trí fhaillí, ná laghdú ar íocaíochtaí de réir na Scéime um Íocaíocht Shingil agus ní thógann sé áit fíneáil chúirte ná aon phionós eile a d'fhéadfadh Údarás Smachta nó cúirt a ghearradh de bharr sáraithe ar reachtaíocht náisiúnta.

Riarachán

a. Foirmeacha Iarratais

Déanfar gach iarracht an fhoirm iarratais a choinneáil chomh simplí agus is féidir, agus na riachtanais rialála a chur san áireamh. Rachaidh an Roinn i gcomhchomhairle leis na páirtnéirí sóisialta i réimse na talmhaíochta sula seoltar ar aghaidh go dtí na printéirí í. Cuirfear gach sonra ábhartha atá ar fáil ag an Roinn ar na foirmeacha sula n-éisítear iad. Leanfaidh an Roinn ag cur le húsáid teicneolaíochta, go háirithe maidir le rochtain ar-líne do shonraí dhaoine aonair, agus iarratais a dhéanamh ar-líne faoin mbliain 2007.

b. Dátaí Iarratas

Tá an Roinn tiomanta an dáta deiridh d'iarratais de réir na Scéime um Íocaíocht Shingil a thabhairt ar aghaidh. Sa chomhthéacs seo, rachfar i gcomhchomhairle leis na páirtnéirí sóisialta talmhaíochta gach bliain maidir le dáta deiridh feiliúnach, riachtanais an fheirmeora agus cumas próiseála a chur san áireamh.

Nós Imeachta chun déileáil le fadhbanna

Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi fhadhbanna iarratais a thagann chun cinn i rith seiceanna riaracháin chomh luath agus is féidir tar éis iad a aimsiú. Má fhreagraíonn an t-iarratasóir laistigh de 14 lá agus má tá an freagra sách soiléir chun gach deacracht atá idir lámha a réiteach, réiteofar an t-iarratas i gcóir íocaíochta roimh an dáta deiridh.

Bainfear úsáid as an nós imeachta seo a leanas chun fadhbanna a réiteach:

Céim	Gníomh na Roinne	Gníomh an Fheirmeora
1. Fadbh aitheanta i rith seiceanna riaracháin nó cigireachta	**Fógra** Litir don iarratasóir ag míniú nadúr na faidhbe agus na torthaí dóchúla mura réitítear í.	Tá 14 lá ag an t-iarratasóir freagra a thabhairt a tabharfaidh míniú nó soiléiriú ar an bhfadhb.
2. Ní fhreagraíonn an t-iarratasóir laistigh de 14 lá	**Meabhrán** Litir mheabhráin don iarratasóir mar atá i gcéim 1 thuas maraon le 14 lá eile a thabhairt i gcóir freagra.	Tá 14 lá ag an t-iarratasóir freagra a thabhairt a tabharfaidh míniú nó soiléiriú ar an bhfadhb.
3. Tugann an t-iarratasóir freagra don litir nó don meabhrán nó ní fhreagraíonn sé/sí laistigh de 14 lá don meabhrán	**Fógra Cinnidh** Litir don iarratasóir ag míniú an cinneadh ar an iarratas bunaithe ar eolas atá ar fáil don Roinn. Sa chás gur fhreagair an t-iarratasóir, tabharfar aird ar an bhfreagra.	Glacann an t-iarratasóir leis an gcinneadh nó is féidir leis/léi a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh laistigh de 14 lá den fhógra. Mar mhalairt air sin, is féidir leis an iarratasóir achomharc a dhéanamh d'Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

Cuirfear aon fhreagra a thagann ón iarratasóir san áireamh sula ndéantar aon chinneadh.

I gcásanna eisceachtúla nuair a mheastar nach mbeadh an tréimhse 14 lá leordhóthaineach don iarratasóir chun déileáil leis an bhfiosrúcháin, beidh an tréimhse ama atá sonraithe i bhfógra na faidhbe sách fada chun go mbeidh an t-iarratasóir in ann dul i ngleic leis an gceist. Ní bheidh aon athrú ar na tréimhsí 14 lá i gcóir freagra a thabhairt do na fógraí meabhráin agus cinnidh.

Seiceanna Ar-fheirm

In aon bhliain ar leith, déanfar dhá chineál seiceanna chun críche na Scéime um Íocaíocht Shingil a chur i bhfeidhm – seiceanna Intofachta agus seiceanna Tras-chomhlíonta. Tá an Roinn tiomanta gach seic intofachta a dhéanamh roimh an dáta a thosóidh an íocaíocht agus cinnteoidh siad go n-íocfar gach iarratas atá bailí ón dáta sin.

Tá na seiceanna tras-chomhlíonta éagsúil leis na seiceanna intofachta (seiceanna ceantair) agus gearrfar aon phionós tras-chomhlíonta tar éis intofacht a chinntiú. Tá sé riachtanach go gcríochnófar gach seic intofachta roimh íocaíocht. Bíodh sin mar atá, ní chuirfear aon mhoill ar íocaíocht sa chás nach bhfuil an chigireacht tras-chomhlíonta críochnaithe.

A. Seiceanna Intofachta

Ar dtús, is riachtanas é seiceanna intofachta caighdeánacha a dhéanamh ar 5% d'fheirmeoirí a chuireann isteach ar an Scéim um Íocaíocht Shingil. Tá na riachtanais i gcóir intofacht an achair dhearbhaithe a sheiceáil cosúil leis na socruithe atá ann i gcaitheamh na mblianta i gcóir cigireachtaí cúnamh ceantair.

Déanfar na seiceanna seo chun:

- Fíorú go bhfuil an t-achar dearbhaithe ar an bhfoirm iarratais don Scéim um Íocaíocht Shingil ag teacht leis an achar a bhfuil an t-iarratasóir ag feirmeoireacht air agus chun a chinntiú nach bhfuil aon éilimh forluí ann, nó éilimh dhúbailte;
- Fíorú go gcothófar na tailte atá dearbhaithe i gcóir cur i leataobh de réir fhorálacha Rialacháin an AE agus go gcomhlíontar oibleagáidí cur i leataobh;
- Fíorú nach bhfuil na tailte atá dearbhaithe mar fhéarach buan treafa agus úsáidte chun barraí arúla a fhás;
- Fíorú nár áiríodh leis na heictéir intofa a dearbhaíodh san fhoirm iarratais talamh a úsáideadh i gcóir táirgeadh torthaí nó glasraí nó prátaí sa bhliain iarratais;
- Fíorú nár úsáideadh na tailte a dearbhaíodh mar heictéir intofa i gcóir foraoiseachta nó i gcóir táirgeadh barraí buan eile sa bhliain iarratais.

Pionóis Intofachta

1. Ró-dhearbhú Achair

Go ginearálta, sa chás go bhfuil an t-achar dearbhaithe níos mó ná an t-achar a fuarthas, bainfear úsáid as an achar a fuarthas chun teideal a bhunú, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Sa chás go bhfuil an **t-achar ró-dhearbhaithe** níos lú na 3%, úsáidfear an t-achar a fuarthas chun teideal do chúnamh a bhunú.

- Sa chás go bhfuil an **t-achar ró-dhearbhaithe** idir 3% agus 20%, laghdófar an t-achar a fuarthas ag dhá oiread den difríocht idir an t-achar a fuarthas agus an t-achar a dearbhaíodh agus teidil á ríomh.
- Sa chás go bhfuil an **t-achar ró-dhearbhaithe** níos mó ná 20%, ní dhéanfar aon íocaíocht shingil don bhliain i gceist.
- Sa chás go bhfuil an t-achar ró-dhearbhaithe níos mó ná 50%, ní dhéanfar aon **íocaíocht shingil** don bhliain i gceist, agus bainfear méid atá cothrom leis an méid breise a éilíodh ó íocaíochtaí singil thar na trí bliana ina dhiaidh sin.
- I gcás ró-dhearbhú achair **d'aon ghnó**, ní bhfaighfidh an t-iarratasóir aon íocaíocht shingil don bhliain i gceist. Anuas air sin, sa chás go n-aimsítear ró-dhearbhú d'aon ghnó níos mó ná 20%, ní bhfaighidh an feirmeoir aon íocaíocht shingil don bhliain i gceist agus bainfear méid atá cothrom leis an méid breise a éilíodh ó íocaíochtaí singil thar na trí bliana ina dhiaidh sin.

2. Dearbhú Cur i Leataobh

Sa chás go bhfuil cur i leataobh éigeantach, caithfear an t-achar a dhearbhú ar dtús.

- Má dhearbhaítear achar cur i leataobh neamhleor, éilíonn na Rialacháin go gcaithfear achar eile atá dearbhaithe a mheas mar achar cur i leataobh suas chomh fada leis an méid achair cur i leataobh nár dearbhaíodh.
- Sa chás go ndearbhaítear achar cur i leataobh ach nach bhfuarthas é agus go meastar go bhfuil dearbhú bréagach déanta ag an iarratasóir d'aon ghnó, is é an pionós thuasluaite a bheidh infheidhmithe.
- Sa chás go bhfuil neamh-chomhlíonadh le bainistíocht rialacha cur i leataobh, ní bheidh cur i leataobh iníoctha ach measfar go bhfuil na teidil beo.
- Sa chás go bhfuil an sárú ar rialacha bainistíochta cur i leataobh chomh tromchúiseach sin nach bhfuil an talamh curtha i leataobh, féadfar é seo a mheas mar chás dearbhaithe bréagaigh d'aon ghnó.

3. Achar a Dhearbhú Faoi

Ní mór d'fheirmeoir a t(h)ailte ar fad a dhearbhú, bíodh siad ina s(h)eilbh aige/aici, ar cíos nó ar léas. Má aimsítear gur dhearbhaigh iarratasóir a t(h)alamh faoi mar nár dhearbhaigh sé/sí beart(a) iomlán(a) agus go bhfuil an dearbhú faoi níos mó ná 3%, is féidir an Scéim um Íocaíocht Shingil a laghdú suas le 3%.

B. Seiceanna Tras-Chomhlíonta

Tá dhá príomh-ghné i gceist le tras-chomhlíonadh

- Riachtanas ar fheoirmeoirí roinnt Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (SMRanna) a chomhlíonadh atá leagtha síos i reachtaíocht an AE (Treoir agus Rialacháin) maidir leis an Timpeallacht, Sláinte Poiblí, Ainmhithe agus Plandaí, agus Leas Ainmhithe

  agus

- Riachtanas talamh a choinneáil i mbail mhaith talmhaíochta agus chomhshaoil (GAEC). Chomh maith leis sin, tá oibleagáid ar an mBallstát a chinntiú nach mbeidh aon laghdú suntasach i méid an talaimh atá mar fhéarach buan.

Cathain a mbeidh feidhm ag Tras-Chomhlíonadh?

Beidh feidhm ag Tras-Chomhlíonadh ón 1 Eanáir 2005. Tógfar isteach na SMRanna éagsúla i gcéimeanna thar thrí bliana ón dáta sin. Tá na 19 riachtanas rialála atá liostáilte in Iarscríbhinn III de Rialachán na Comhairle (EC) Uimh 1782/2003 maraon lena ndátaí éifeachtacha chun críche Tras-Chomhlíonta leagtha amach in Iarscríbhinn I den leabhrán seo. Tá éifeacht ag ocht riachtanas rialála ón 1 Eanáir 2005. Críochnófar na caighdeáin do na SMRanna agus go háirithe an Treoir Níotráití, le dátaí éifeachtacha i 2006 agus 2007, i rith 2005 i ndiaidh comhcomhairle leis na heagraíochtaí feirmeoireachta.

Tá sé riachtanach d'iarratasóirí don Scéim um Íocaíocht Shingil a dtalamh ar fad a choinneáil i mbail mhaith talmhaíochta agus chomhshaoil (GAEC) ón 1 Eanáir 2005. Tá na saincheisteanna a gcaithfidh na Ballstáit dul i ngleic leo agus an GAEC a shainmhiniú acu liostáilte in Iarscríbhinn IV den Treoir Comhairle (EC) Uimh 1782/2003 agus déantar tagairt dóibh in Iarscríbhinn 2 den leabhrán seo. Éilítear ar Bhallstáit GAEC a shainmhíniú laistigh den chreat oibre seo.

Tá na caighdeáin éagsúla do SMR agus GAEC leagtha amach sa Leabhrán dar teideal 'The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance'.

1. Leibhéal Seiceála Tras-Chomhlíonta

Is é an ráta cigireachta ar-fheirm a éilítear i gcóir **tras-chomhlíonadh** ná 1% de na feirmeoirí sin a mbaineann an chuid is mó de na Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta nó GAEC leo. Ach, caithfear cigireacht a dhéanamh ar ar a laghad 5% de tháirgeoirí de réir na Riachtanas Aitheantas agus Clárú Ainmhithe mar gurb é seo an leibhéal atá leagtha amach de réir na Rialacháin reatha. Tá na Rialacháin Smachta ag rialú caorach á bplé fós agus ní bheidh siad in áit go dtí 1 Eanáir 2006. Mar sin, d'fheirmeoirí caorach, déanfar seiceanna 1% i rith 2005, ag teacht le riachtanais thras-chomhlíonta agus déanfaidh an Roinn iarracht an leibhéal seo a choinneáil.

Bíodh sin mar atá, tá an Roinn tiomanta do pholasaí an leibhéal cigireachtaí a laghdú, ag cur an t-ard-leibhéal comhlíonta le Riachtanais Aitheantas agus Clárú eallaigh agus an córas CMMS atá ag feidhmiú in Éirinn san áireamh. Agus é seo ar intinn aici, leanfaidh an Roinn i gcomhpháirt le Coimisiún na hEorpa straitéis chun líon na gcigireachtaí ar-fheirm a laghdú go dtí 1% i 2007.

2. Líon na gCuairteanna

Agus an Scéim um Íocaíocht Shingil á cur i bhfeidhm aici, is é polasaí na Roinne Talmhaíochta agus Bia líon na gcuairteanna cigireachta a laghdú agus dul i dtreo staid ina ndéanfar, sa chuid is mó de na cásanna, gach seic intofachta agus tras-chomhlíonta i rith cuairt feirme amháin. Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia tiomanta a chinntiú go mbeidh an méid is mó comhthathú cigireachtaí i ngach réimse. Ba cheart go n-íosmhéadóidh an cur chuige seo an leibhéal míchaoithiúlachta d'fheirmeoirí. Is é an toradh a bheadh air seo freisin ná go ndéanfaí seiceanna smachta in aon chuairt amháin maidir le hintofacht talaimh atá dearbhaithe, aitheantas agus clárú ainmhithe ar an ngabháltas, agus comhlíonadh na dTreoracha éagsúla comhshaoil.

3. Fógra cigireachtaí ar-fheirm

Maidir le fógra cigireachtaí, deir na rialacháin go bhféadfar fógra a thabhairt sa chás nach gcuirtear cuspóir na cuairte i mbaol, ach caithfidh a leithéid d'fhógra a bheith teoranta d'uasmhéid 48 uair sa chás go bhfuil seiceáil intofachta nó seiceáil ar aitheantas agus clárú mar chuid den chigireacht.

Mar sin féin, tá an Roinn tiomanta do pholasaí 14 lá d'fhógra cigireachtaí a thabhairt d'fheirmeoirí agus leanfaidh sí straitéis in éineacht le Coimisiún na hEorpa chun síneadh ama go dtí 14 lá a chur leis an bhfógra roimh ré a thugtar i gcóir cigireachtaí.

Anailís Riosca
Éilíonn na Rialacháin go gcuirfidh anailís riosca iad seo a leanas san áireamh:

- Méid an chúnaimh atá i gceist
- Líon na mbeart agus an ceantar
- Athruithe ón mbliain roimhe sin
- Fionnachtana seiceanna a rinneadh i gcásanna neamh-chomhlíonta le rialacháin eallaigh agus caorach sna blianta atá caite
- Feirmeoirí atá ar éigean os cionn nó faoi na sileálacha nó teorainneacha chun cúnamh a dheonú
- Feirmeoirí le teidil speisialta
- Riosca atá ábhartha do na SMRanna éagsúla i gcóir tras-chomhlíonadh, ag cur leibhéal ar fheirm indibhidiúil nó leibhéal rannóg feirme nó crios tíreolaíochta san áireamh

Agus na roghannna á ndéanamh acu, éilíonn na Rialacháin go roghnófar 20-25% d'iarratasóirí ó bharr an liosta ar bhonn randamach agus caithfear roinnt ionadaíochta a bheith ann sna hiarratais cúnaimh a leagtar isteach. Mar sin, caithfear aird a thabhairt ar an leibhéal iarratas i ngach ceantar den tír, agus ar an gcineál gníomhaíochta sna ceantair seo. Is éard is brí leis seo ná go mbeidh leibhéal cigireachta níos mó ná 5% ann nuair atá gach beart scrúdaithe agus nuair atá an riosca i ngach ceantar curtha san áireamh.

Cian-aireachtáil

Bainfidh an Roinn úsáid as an teicneolaíocht atá ar fáil (cian-aireachtáil) chomh fada agus is féidir agus tabharfaidh sí tacaíocht do sheiceanna ar an toirt trí sheiceanna riaracháin a úsáid nuair is gá. Sa mhéid agus is féidir, braitheann an Roinn ar chian-aireachtáil (íomhánna saitilíte) chun cigireachtaí ar an toirt a dhéanamh. I 2005, tá 3% d'iarratasóirí a roghnaíodh i gcóir cigireachtaí intofachta roghnaithe i gcóir cigireachta ar an toirt trí chian-aireachtáil agus táthar ag súil chomh fada is atá sé praiticiúil an figiúr seo a mhéadú i gcéimeanna go dtí 3.5% i 2006 agus go dtí 4% i 2007, leis an toradh go mbeidh 1% de sheiceanna intofachta á ndéanamh ar an toirt i 2007.

Déanfaidh an Roinn na cigireachtaí ar fad atá ag teastáil le haghaidh tras-chomhlíonadh i 2005. Mar sin féin, maidir leis na Treoracha um ghnáthóga agus éin fhiáine, is é an aidhm atá ann ná comh-chigireachtaí a dhéanamh in éineacht le hOifigeach ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (thart ar 230 cás). Is é cuspóir na Roinne ná an méid seiceanna a uasmhéadú ag gach cigireacht, agus sa chaoi sin, líon na gcigireachtaí san iomlán a laghdú.

Agus cigireachtaí 2005 á roghnú acu, déanann an mhodheolaíocht iarracht na cigireachtaí éagsúla a chomhthathú chomh fada agus is féidir sa gcaoi is go n-uasmhéadófar líon na mbeart éagsúil a sheiceálfar ar an bhfeirm, agus ag an am céanna, go laghdófar an líon cuairteanna feirme san iomlán.

Tugann Tábla 1 thíos forbhreathnú ar an bhfeachtas cigireachta do 2005. Tugtar comhartha thíos faoin tábla ar líon na mbeart a ndéanfar seiceáil orthu ag cuairteanna indibhidiúla feirme.

Tábla 1

Beartanna	Cigireacht Intofachta Talaimh	Cigireacht Intofachta Satailíte	Cigireacht CA	SMR1	SMR2	SMR3	SMR4	SMR5	SMR7/8	SMR8A	GAEC
Garlíon na gcigireachtaí	2,418	5,527	5,344	36	1,339	-	-	195	5,885	493	1,441

- Seiceálfar beart amháin ar thart ar 2,000 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm;
- Seiceálfar dhá bheart ar thart ar 3,000 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm;
- Seiceálfar trí bheart ar thart ar 2,000 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm;
- Seiceálfar ceithre bheart ar thart ar 500 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm;
- Seiceálfar cúig bheart ar thart ar 100 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm;
- Seiceálfar sé bheart ar thart ar 20 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm;
- Seiceálfar seacht mbeart ar thart ar 5 feirm, eadhon, cuairt amháin do gach feirm.

Sa chás nach bhfuil seic intofachta i gceist le cigireacht ar-fheirm agus go bhfuil seiceanna tras-chomhlíonta i gceist ach amháin aitheantas agus clárú ainmhithe, tabharfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia fógra 14 lá roimh an gcigireacht. Beidh thart ar 2,000 cuairt feirme i gceist leis seo. Tá an Roinn tiomanta fógra 14 lá roimh ré a chinntiú do gach cigireacht ar-fheirm agus tarraingeofar anuas an t-ábhar seo arís le Coimisiún na hEorpa. Sa chomhthéacs seo, tá an Roinn tiomanta do chomhthathú chigireachtaí REPS isteach sa chóras cigireachta ina iomlán (ceist an fhógra san áireamh), de réir na n-athruithe atá aontaithe ag leibhéal an AE do na Bearta Forbartha Tuaithe.

4. Nós imeachta fógartha

Cárta Fógartha

Fógra Cigireachta ar an Toirt

Cuirfidh Oifigeach/Oifigigh na Roinne, _____

glaoch ort ar an (Lá) _____Dáta_____rn/in chun cigireacht a dhéanamh ar do chuid ainmhithe agus/nó tailte de réir an Bhirt/na mBeart ar a bhfuil marc air/orthu thíos.

(1) Seic Intofachta don Scéim um Íocaíocht Shingil ☐

(2) Liúntas Cúitimh
- Seic Intofachta ☐
- Dea-chleachtas Feirmeoireachta ☐

(3) Seic Tras-Chomhlíonta (á thaispeáint le "✓ " sa bhosca thall)
- Éin ☐
- Screamhuisce ☐
- Sludach Múnlaigh ☐
- Gnáthóga ☐

Seic Aitheantais agus Cláraithe
- Eallaigh ☐
- Caoirigh/Gabhair ☐
- Muca ☐
- Seic Caoi Mhaith Talmhaíochta agus Timpeallachta. ☐

Tabhair faoi deara na pointí seo a leanas

- Tá oibleagáid ort gach cáipéis a éilíonn an t-oifigeach/na hoifigigh cigireachta a chur ar fáil agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar aon mhainneachtain comhoibrithe agus cabhraithe leis an gcigireacht go ndícháileofar d'éileamh.
- Ní mór gach ainmhí feirme a bheith aitheanta agus cláraithe de réir rialacháin an AE.
- Ba cheart áiseanna díghalraithe a chur ar fáil.

Ainm: _____ Oifigeach Cigireachta

Uimhir Ghutháin: _____

Coinneofar leagan amach na gcártaí fógartha faoi athbhreithniú agus d'fhéadfadh athruithe a bheith aontaithe trí chomhchomhairle idir an Roinn agus na heagraíochtaí feirmeoireachta.

Nuair a thagann siad, cuirfidh na cigirí iad féin in aithne, tabharfaidh siad aitheantas ar aird agus déarfaidh siad céard é cuspóir na cuairte.

Míneoidh an cigire an nós imeachta cigireachta agus sásóidh sé/sí é/í féin go dtuigeann an t-iarratasóir nó a (h)ionadaí é.

Mura bhfuil an t-iarratasóir in ann a bheith i láthair, féadfaidh sé/sí duine a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh ar a s(h)on.

Má tá moill nach raibh súil leis curtha ar an gcigire ag cigireacht roimhe sin, rachfar i dteagmháil leis an iarratasóir chomh luath agus is féidir ach gan é a bheith níos deireannaí ná uair amháin tar éis an ama atá ceaptha don chigireacht, agus murar féidir an chigireacht a dhéanamh an lá sin, déanfar socrú eile, agus é aontaithe leis an iarratasóir de ghnáth.

Sa chás go bhfuil easaontas faoi achar talaimh, déanfar tomhais pháirce ar an suíomh.

5. Cur chuige seiceála

Sa chás gur féidir é a dhéanamh, déanfar seiceanna trí shamplaí a thógáil. Mar sin, nuair atá fógra faighte go mbeidh cigireacht ina mbeidh aitheantas agus clárú eallaigh, ní bheidh sé riachtanach de ghnáth eallaigh a chur i gcró, agus ní bheidh cró riachtanach ach amháin nuair a aithnítear fadhbanna. I gcás caorach, déanfar seiceanna aitheantais sa pháirc. Ní bheidh cruinniú riachtanach ach amháin nuair nach féidir seic a dhéanamh trí shamplaí a thógáil sa pháirc. Nuair atá clárú ainmhithe á sheiceáil, beidh sonraí ag an oifigeach cigireachta i ndáil leis an tréad agus tras-tagróidh sé na sonraí seo leis an gclár/pasanna agus na duillíní ábhartha.

6. Ag tuairisciú seiceanna tras-chomhlíonta

Beidh cigirí a dhéanann cuairt ar ghabháltas ag leanúint córas tuairiscithe caighdeánach chun cinntiú go ndéanfar cinnidh i gcomhréir agus go gcaithfear go cothom le gach feirmeoir a dtugtar cuairt orthu. Críochnóidh an t-oifigeach cigireachta Foirm Thuairisc Cigireachta i ndiaidh gach cigireachta. Tabharfar deis do gach iarratasóir an tuairisc a shíniú agus é a phlé má thograíonn sé/sí. Tabharfar cóip den tuairisc dó/di sa chás go n-aithnítear fadhbanna.

Má aimsítear neamh-chomhlíonadh, cuirfear an t-iarratasóir nó a (h)ionadaí ar an eolas faoina bhfuil aimsithe agus an chaoi a n-imríonn na fionnachtana tionchar ar riachtana(i)s sonracha na scéime/an bhirt. Tabharfar cuireadh don iarratasóir nó dá g(h)níomhaire míniú a thabhairt ar an neamh-chomhlíonadh, ag am na cigireachta nó laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta na cigireachta. Déanfar nóta i dtuairisc an chigire ar aon mhíniú a thabharfar agus tabharfar aird air sa phróiseas déanamh cinnidh. Beidh deis ag an iarratasóir freisin a c(h)uid tuairimí féin a scríobh ar an tuairisc cigireachta.

7. Tras-Chomhlíonadh – cur chuige i dtaobh feidhmiúcháin

Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia tromlach mór de na cigireachtaí tras-chomhlíonta. Ar chaoi ar bith, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia, mar Ghníomhaireacht Íocaíochta Chreidiúnaithe an AE, cinneadh maidir le leibhéal an phionóis atá le leagan sa chás go bhfionnaítear neamh-chomhlíonadh. Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia a cinneadh bunaithe ar na fionnachtana atá leagtha amach sa tuairisc smachta, a mbeidh cóip de tugtha don fheirmeoir.

Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia féin gach iarracht chun a chinntiú go mbeidh cur chuige aontaithe ag a cigirí i dtaobh fhíorú comhlíonadh agus iad ag déanamh cuairteanna feirme. Cinnteoidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia go háirithe go mbeidh a cuid foirne sách oilte agus iad ar an eolas faoin ngá caitheamh leis an bhfeirmeoir le meas agus le cothromaíocht.

Tá na prionsabail seo a leanas lárnach do chóras feidhmiúcháin ar bith;

- Go mbeidh nósanna imeachta cothrom, ceart, comhréireach agus trédhearcach
- Go mbeidh cur chuige caighdeánach chomh fada agus is féidir i ngach cearn den tír
- Go gcinnteofar ceart an iarratasóra athbhreithniú nó achomharc a iarraidh ar chinneadh a bhfuil droch-éifeacht aige air/uirthi
- Go ndéanfar simpliú ar nósanna imeachta chomh fada agus is féidir agus é mar aidhm aige go gcinnteofar an leibhéal is mó tuisceana i measc chliant feirmeoireachta

8. Measúnú ar thorthaí cigireachta

Breathnaítear ar roinnt eachtraí (bíodh is go sáraíonn siad na SMRanna) mar thimpistí, **neamhthábhachtach** agus in ann tarlú i suímh phraiticiúla feirmeoireachta. **Tá na fulaingtí atá le cur i bhfeidhm i ndiaidh seiceanna ar-fheirm i ndáil le heallach agus caoirigh leagtha amach in larscríbhinn 3.**

Cuirfear fulaingtí cuí in áit i ndáil le Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta eile atá infheidhmithe de réir tras-chomhlíonadh. Rachfar i gcomhcomhairle leis na heagraíochtaí feirmeoireachta sula gcuirfear ball críche ar na fulaingtí seo.

Má aimsítear neamh-chomhlíonadh de bharr **faillí**, is é an pionós atá ann ná 3% den íocaíocht dhíreach don bhliain atá i gceist. Mar sin féin, féadfar an 3% a laghdú go dtí 1% nó é a ardú go 5% ag brath ar mhéid, géire nó buanacht an neamh-chomhlíonta. Go ginearálta, is é 5% an uasmhéid pionóis i gcóir faillí don bhliain atá i gceist. Mar sin féin, má aimsítear neamh-chomhlíonadh ar bhonn rialta, méadófar an pionós atá bunaithe faoi thrí suas chomh fada le uasmhéid de 15% den íocaíocht.

Nuair a mheastar gur tharla an neamh-chomhlíonadh **d'aon ghnó**, is é an pionós atá ann ná 20% de na híocaíochtaí díreacha a tagraíodh de réir Rialachán na Comhairle 1782/03 don bhliain i gceist. Mar sin féin, nuair atá an tuairisc smachta scrúdaithe agus ag cur san

áireamh an méid, géire nó buanacht an neamh-chomhlíonta, féadfar an 20% a laghdú go 15% nó a mhéadú go 100%.

Saincheisteanna Ginéaralta

a. Dea-choinníollacha Talmhaíochta agus Timpeallachta

Sa chás go ndéanann feirmeoirí an cinneadh gan aon ainmhithe a choinneáil ar a ngabháltas, tá dualgas orthu, mar sin féin, a dtalamh a choinneáil i gcaoi mhaith talmhaíochta agus timpeallachta. De ghnáth, is éard a bheadh i gceist leis seo ná an talamh i gceist a bharrghearradh i rith an tséasúir fáis. Mar sin féin, beidh cead ag a leithéid d'fheirmeoirí ainmhithe a thógáil ó fheirmeoir eile go dtí a ngabháltas féin chun cabhrú leo cinntiú go gcomhlíonfar riachtanais an choinníoll um Chaoi Mhaith Talmhaíochta agus Timpeallachta.

Eallach
Go ginearálta, tá dhá staid a thagann chun cinn i gcás eallaigh. Is é an chéad cheann ná feirmeoir a bhfuil uimhir tréada aige agus beostoc (Feirmeoir A) agus roinnt talamh fuílligh agus féar ar mian leis é a dhíol le feirmeoir eile (Feirmeoir B), a bhfuil beostoc aige freisin. Sa socrú seo, dhéanfadh Feirmeoir B socrú airgeadais le Feirmeoir A chun a bharrachas féir a cheannach. Bogfaidh Feirmeoir B a b(h)eostoc go dtí gabháltas Feirmeoir A, ag cur an CMMS ar an eolas faoin ngluaiseacht seo agus ag aistriú a c(h)ártaí BTE go dtí Feirmeoir A ar bhonn sealadach. Chomh maith leis sin, cuirfidh Feirmeoir A an beostoc aistrithe isteach ina c(h)lár tréada féin ar bhonn sealadach. Beidh an ghluaiseacht seo ag teacht leis na socruithe reatha maidir le heallach B&B in aonaid lataí nó lóistín geimhridh. Is léir go dtabharfar faoi na riachtanais éagsúla tástála agus sláinte ainmhithe, cosúil leo sin atá leagtha amach sna socruithe B&B.

Tagann an dara staid chun cinn sa chás go bhfuil talamh fuílligh agus barrachas féir ag Feirmeoir A agus gan aon bheostoc a bheith aige/aici. Tá uimhir thréada agus bheostoic ag Feirmeoir B agus déanann sé/sí socrú airgeadais le Feirmeoir A chun úsáid a bhaint as an mbarrachas féir ar an talamh seo. Sna cúinsí seo, bogfaidh Feirmeoir B a b(h)eostoc go dtí gabháltas Fheirmeoir A agus chuirfeadh sé an DVO ar an eolas roimh ré. Ní bheadh sé éigeantach na riachtanais i leith gluaiseacht CMMS nó na socruithe clár tréada mar a cuireadh síos orthu sa sampla thuasluaite a chomhlánú sa chás seo mar níl aon bheostoc ag Feirmeoir A.

Mar achoimre, ba cheart breathnú ar ghabháltas Fheirmeoir A mar shíneadh de ghabháltas Fheirmeoir B chun críche úsáid an bharrachais féir atá ar fáil. Chomh maith leis sin, ní bheadh sé riachtanach tabhairt faoi aon tástálacha nó socruithe srianta sláinte eile ach amháin an DVO a chur ar an eolas.

I gcomhthéacs díchúplála, d'fhéadfadh staideanna cosúil leis an dá cheann thuasluaite teacht chun cinn maidir le rochtain eallaigh ar fhéarach. Ní féidir leas a bhaint astu seo ach amháin le faomhadh an DVO roimh ré.

Caoirigh

Tá na socruithe gluaiseachta i ndáil le caoirigh éagsúil ar fad leo sin a bhaineann le heallach. Mar sin, i gcúinsí ina bhfuil barrachas talaimh agus barrachas féir ag Feirmeoir A ach gan aon chaoirigh aige/aici, ba cheart go mbeadh sé/sí in ann caoirigh a thabhairt ó Fheirmeoir B gan aon srianadh. Arís, ba cheart breathnú ar an staid seo mar shíneadh ar ghabháltas Fheirmeoir B chun críche caoraigh a innilt.

I gcás go bhfuil talamh fuílligh agus féarach fuílligh ag Feirmeoir A ach go bhfuil caoirigh dá chuid féin aige freisin, nuair a thógann sé caoirigh isteach ó Fheirmeoir B chun an féarach fuílligh a innilt, beidh feidhm ag na gnáthnósanna imeachta aitheantais ar foráladh dóibh sa reachtaíocht.

I gcomhthéacs díchúplála, d'fhéadfadh cásanna sa bhreis ar an dá cheann thuasluaite teacht chun cinn maidir le rochtain ar féarach ag caoirigh. Féadfar leas a bhaint astu seo trí réamhfhaomhadh an DVO amháin.

b. Údaráis Smachta

Tá an phríomhfhreagracht ar an Roinn Talmhaíochta agus Bia, mar Ghníomhaireacht Íocaíochta creidiúnaithe an AE, a chinntiú go ndéantar an leibhéal cigireachtaí tras-chomhlíonta atá éilithe agus pionóis a réiteach atá le gearradh de réir na Scéime um Íocaíocht Shingil. Ag an am céanna, tá Údaráis Smachta éagsúla ann agus freagracht orthu siúd a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin agus riachtanais atá sainmhínithe de réir na dTreoracha agus na Rialachán a dtagraítear dóibh in Iarscríbhinn 1. Is í an Roinn Talmhaíochta agus Bia an tÚdarás Smachta atá freagrach as cur i bhfeidhm, mar shampla, riachtanais aitheantais agus clárú ainmhithe, agus is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla atá freagrach as cur i bhfeidhm na dTreoreacha a dhéileáileann leis an gComhshaoil. Bíodh is go luíonn cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú leis na hÚdaráis Smachta éagsúla, i gcómhthéacs na Scéime um Íocaíocht Shingil, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia an tseiceáil chomhlíonta.

c. Riachtanas Féarach Buan

Go ginearálta, is éard atá i bhféarach buan ná talamh atá ina fhéarach ar feadh cúig bliana. Fanann féarach buan atá treafa ar mhaithe le athshíolú ina fhéarach buan. Mar sin féin, ar mhaithe le bun-líne a fháil chun an cóimheas ag leibhéal Náisiúnta in aghaidh an achair iomláin talmhaíochta a ríomh, caithfear suíomh 2003 a chur san áireamh. I 2003, is éard a bhí i bhféarach buan ná talamh a dearbhaíodh ar an iarratas Cúnamh Ceantair i 2003 agus a bhí i bhféar ar feadh na cúig bliana roimhe sin, gan talamh atá curtha i leataobh a chur san áireamh. Is riachtanas den Scéim é go ndéanfar seiceáil gach bliain ar an gcóimheas idir Féarach Buan agus an tAchar iomlán Talmhaíochta a dearbhaíodh i 2003 chun fáil amach an bhfuil aon titim suntasach ann. Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia an tseic seo go bliantúil.

Má tharlaíonn titim de 5% i leibhéal féarach buan i ndáil leis an achar talmhaíochta iomlán, beidh sé riachtanach córas údaraithe a thabhairt isteach sula dtabharfar faoi barr curaíochta a fhás. Má sháraítear an 10% fulaingt, beidh ar Bhallstáit éileamh ar fheirmeoirí atá ag cur isteach ar chúnamh agus a bhfuil an riail 10% sáraithe acu an talamh a iompú ar ais ina fhéarach.

Ní móide ar bith é go dtitfeadh an cóimheas idir féarach buan agus achar iomlán talmhaíochta in Éirinn chun díobhála do fhéarach buan.

d. An Caidreamh idir tras-chomhlíonadh agus dea-chleachtas feirmeoireachta

Beidh ar fheirmeoirí atá páirteach in aon cheann de na scéimeanna seo a leanas cloí i gcónaí le Dea-Chleachtas Feirmeoireachta (GFP)

- Scéim Liúntas Cúitimh do Cheantar faoi Mhíbhuntáiste
- Scéim Cúnamh Shuiteála
- Scéimeanna Infheistíochta Ar-fheirm
- Scéim Chosanta Chomhshaoil na Tuaithe
- Scéim Luathscoir ó Fheirmeoireacht (aistrithe)

Tá na riachtanais i gcóir Tras-Chomhlíonadh agus Dea-chleachtas Feirmeoireachta (GFP) cosúil lena chéile ach ní mar a chéile iad. Tá an chuid is mó de na forálacha Tras-chomhlíonta ina gcuid de chaighdeáin Dhea-chleachtas Feirmeoireachta cheana féin. Mar sin féin, cuimsíonn riachtanais GFP réimse níos leithne bearta reachtaíochta ná na riachtanais Tras-Chomhlíonta a bhaineann leis an Scéim um Íocaíocht Shingil. Is é an rún atá ag Coimisiún an AE ná athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta seo ar fad agus é mar aidhm aige na caighdeáin a thabhairt le chéile i gcomhthéacs na socruithe nua Forbartha Tuaithe atá in ainm is a theacht i bhfeidhm i 2007. Tacaíonn an Roinn Talmhaíochta agus Bia leis an gcur chuige seo.

e. Freagracht as comhlíonadh

Baineann na riachtanais atá leagtha síos sna Treoracha agus Rialacháin éagsúla a dtagraítear dóibh de réir Tras-Chomhlíonadh le gach talamh, bíodh sé dearbhaithe i gcóir cúnaimh de réir na Scéime um Íocaíocht Shingil nó ná bíodh. Sa chomhthéacs seo, glactar leis gurb é/í an feirmeoir atá i bhfeighil an talaimh ag am an neamh-chomhlíonta atá freagrach, bíodh sé/sí ina (h)úinéir, ar cíos aige/aici nó ar léas aige/aici. Ar an gcuma chéanna, sa chás go n-aistrítear an talamh do dhuine eile agus go leanfar ar aghaidh leis an neamh-chomhlíonadh, glactar leis gurb é an t-úinéir nua a bheidh freagrach. Caithfidh gach éilitheoir na riachtanais i leith talamh curtha i leataobh, coimín nó talamh tógtha i gconacra a chomhlíonadh freisin.

Íocaíochtaí

Forálann Rialacháin an AE go ndéanfar íocaíochtaí uair amháin sa bhliain laistigh den tréimhse ó 1 Nollaig go 30 Meitheamh na bliana dár gcionn. Tugann na Rialacháin cead freisin do Choimisiún na hEorpa íocaíocht suimeanna airgid roimh ré a údarú i gcúinsí áirithe.

Déanfar íocaíocht i gcásanna intofa sa chéad sraith íocaíochta a thosóidh ar an 1 Nollaig. I gcásanna ina bhfuil fadbhanna gan réiteach fós leis an iarratas, déanfar an íocaíocht roimh 30 Meitheamh, mar a fhoráiltear i rialacha an AE, ar choinníoll gur thug an t-iarratasóir freagra d'aon fhiosrú ón Roinn agus ar choinníoll go bhfuil an freagra sách soiléir chun gach deacracht atá fágtha a réiteach.

Sa chás go n-údaraíonn Coimisiúin na hEorpa íocaíochtaí a dhéanamh roimh ré, déanfar íocaíocht roimh ré i ngach cás intofa sa chéad sraith íocaíochtaí a thosóidh ar an dáta ar ar údaraíodh íocaíochtaí roimh ré. Sa chomhthéacs seo, iarrfaidh an Roinn ar Choimisiún na hEorpa foráil a dhéanamh i gcóir íocaíochtaí roimh ré ar bhonn leanúnach ó 2006.

Eolas

Cuirfear sonraí iomlána ar fáil ar chearta agus teidil feirmeoirí ar bhealach atá soiléir, tráthúil agus cruinn. Bainfear úsáid as Aertel agus láithreáin ghréasáin chun cur le fógairt dátaí oscailte agus dúnta na scéimeanna éagsúla sna meáin phriontáilte.

4. SCÉIM NA gCEANTAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Cúlra

Déantar íocaíochtaí faoi Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste chun feirmeoirí a chúiteamh mar gheall ar ioncaim níos ísle agus costais táirgíochta níos airde mar thoradh ar chonstaicí nádúrtha na gceantar sin.

Rachfar i gcomhchomhairle roimh ré leis na heagraíochtaí feirme ar aon athrú substaintiúil a mholfar i dTéarmaí agus Coinníollacha na scéime.

Seiceanna Riaracháin

Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi fhadhbanna iarratais a aithnítear i rith seiceanna riaracháin chomh luath agus is féidir tar éis teacht orthu – ach gan a bheith níos déanaí ná mí amháin tar éis a bhfionnachtain ar aon chuma.

Cigireachtaí

Déanfar cigireachtaí a chomhthathú le cigireachtaí scéimeanna eile chomh fada agus is féidir.

De réir Rialachán ábhartha an AE, ba cheart cigireachtaí a bheith 'scaipthe thar an mbliain'. Is éard is brí leis seo ná go bhféadfaidís tarlú am ar bith roimh, i rith nó tar éis tús na n-íocaíochtaí. Bíodh sin mar atá, glacann an Roinn an cúram uirthi féin chomh fada agus is féidir dá gnáthchlár cigireachtaí faoi Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste a chríochnú idir an dáta deiridh i gcóir admháil iarratas agus dáta tosaithe na n-íocaíochtaí.

Mar atá éilithe ag Rialachán ábhartha an AE, roghnófar 5% d'iarratasóirí i gcóir cigireacht gach bliain ar an mbunús seo:

Anailís Riosca: Caithfear 75% go 80% de na hiarratais a roghnófar i gcóir cigireachta gnéithe riosca a chur san áireamh, mar shampla an méid atá á éileamh, líon na ngabháltas talamh i gceist, athruithe ón mbliain roimhe sin, fionnachtana seiceála sna blianta roimhe sin, neamh-chomhlíonadh le riachtanais clárú ainmhithe agus gnéithe eile a gcinnfidh Éire orthu.

A Bheith ionadaíoch ar gach iarratas a leagtar isteach: Caithfear 20% go 25% d'iarratais a roghnaítear i gcóir cigireachta a bheith roghnaithe ar bhonn randamach – Tá súil ag na hiniúchóirí go gcuimseoidh an próiseas roghnúcháin randamach seo iarratasóirí i ngach contae.

Tabharfar fógra 48 uair cigireachta den chineál seo d'iarratasóirí a roghnaítear i gcóir cigireachtaí ar-fheirm sa chaoi seo. Más féidir socruithe fógra níos luaithe a fháil trí idirbheartaíocht leis an AE, tabharfar tairbhe an fhógra níos luaithe seo dóibh.

Ag gach cigireacht ar-fheirm, tabharfar an deis don iarratasóir nó do ghníomhaire an iarratasóra agus d'aon duine eile atá i láthair an fhoirm thuairisc cigireachta a shíniú (nó diúltú í a shíniú). Má cheapann an t-iarratasóir nó an gníomhaire go bhfuil gá leis, is féidir leis nó léi a c(h)uid tuairimí scríofa a chur ar an bhfoirm sin maidir leis an gcigireacht.

Cuirfear fadhbanna iarratais a aithnítear i rith chigireachtaí ar-fheirm ar aird an iarratasóra nó gníomhaire ag am na cigireachta trí fhoirm fógra a thabhairt don fheirmeoir nó gníomhaire. Ag an am sin, tabharfar deis don iarratasóir nó don ghníomhaire míniú nó soiléiriú a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh i rith na cigireachta má thograíonn sé/sí. Mar rogha air sin, is féidir leis an iarratasóir míniú nó soiléiriú scríofa a chur ar fáil laistigh de cheithre lá dhéag den chigireacht. Cuirfear aon mhíniú nó soiléiriú san áireamh sula ndéanfar aon chinneadh.

Má tá pionós ag teacht as an gcigireacht á thabhairt ar aird don iarratasóir trí fhógra deireannach, cuirfear cóip den fhoirm thuairisc chigireachta ar aghaidh chuig an iarratasóir leis an bhfógra sin.

Cuirfear fadhbanna a aithnítear i rith aon chigireachta chian-aireachtála ar aird an iarratasóra chomh luath agus is féidir tar éis iad a bheith nochtaithe don Roinn sa chaoi is go mbeidh an t-iarratasóir in ann aon mhíniú nó soiléiriú a chur ar fáil sula ndéantar aon fhionnachtain chinntitheach. De ghnáth, cuirfear fadhbanna den chineál sin ar aird an iarratasóra trí chigireacht ar-fheirm leantach, faoi réir ag na nósanna imeachta a cuireadh síos orthu anseo maidir le cigireachtaí den sórt sin.

Saincheisteanna Comhlíonta

Is iad na príomhshaincheisteanna a thagann chun solais gach bliain i ndáil le thart ar 2% d'iarratasóirí ná leibhéil íseal stoic, botúin dearbhaithe achair agus méid gabháltas neamhleor.

Glacanna an Roinn uirthi an cúram comhoibriú go hiomlán i ndáil leis na heagraíochtaí feirmeoireachta i ndáil le saincheisteanna comhlíonta a thagann chun solais.

Comhoibreoidh foireann na Roinne go hiomlán i ndáil le haon achomharc déanta ag iarratasóirí go dtí an Oifig Achomhairc Talmhaíochta nó go dtí an Ombudsman.

Íocaíocht

Déanfaidh an Roinn gach iarracht tús a chur le híocaíochtaí roimh an dáta tosaithe de 21 Meán Fómhair a bhí infheidhmithe roimhe seo. Sna blianta amach romhainn, má thógtar ar aghaidh ó 15 Bealtaine go dtí dáta níos luaithe an dáta deiridh i gcóir admháil iarratas don Scéim um Íocaíocht Shingil/Liúntas Cúitimh srl., agus ag cur san áireamh na saincheisteanna a thagann chun solais ó chur i bhfeidhm an Scéim um Íocaíocht Shingil i 2005, tabharfar ar aghaidh, i gcomhréir, an dáta tosaithe d'íocaíochtaí Liúntas Cúitimh go dáta níos luaithe.

Am Scála		
Iarratas	**Cigireacht**	**Íocaíocht**
Mar a chéile don Scéim um Íocaíocht Shingil– gan a bheith níos deireannaí ná 15 Bealtaine nó an chéad lá oibre eile murar lá oibre an 15 Bealtaine	De ghnáth idir dáta deiridh d'iarratais agus tús na n-íocaíochtaí	21 Meán Fómhair gach bliain nó níos luaithe i gcomhréir má tá an dáta deiridh i gcóir admháil iarratas níos luaithe ná 15 Bealtaine – agus ag cur san áireamh na saincheisteanna a thagann chun solais ó chur i bhfeidhm na Scéime um Íocaíocht Shingil i 2005

Déanfaidh an Roinn iarracht a chinntiú go mbeidh, ón 1 Eanáir 2007, na socruithe i gcóir seiceanna riaracháin, anailíse riosca, cigireachtaí agus tras-comhlíonta ag aontú chomh fada agus is féidir leis na socruithe comhréireacha don Scéim um Íocaíocht Shingil.

Foirm Thuairisc Liúntas Cúitimh CA 04

Iarratasóir_____ Uimhir Thréada_____

Dáta na Cigireachta _____

An bhfuil tú sásta go bhfuil an t-iarratasóir TÁ/NÍL

- níos sine ná 18 bliain d'aois, mar atá sonraithe sa tseic cáipéise iMap. ☐ ☐
- ag feirmeoireacht ar íosmhéid 3 Heictéar talaimh foráiste i gCeantar Ainmnithe faoi Mhíbhuntáiste. ☐ ☐
- ina c(h)ónaí laistigh d'fhad comaitéireachta laethúil (70 míle) den ghabháltas ar a bhfuil C A á éileamh. ☐ ☐
- tar éis/in ann sásamh a thabhairt go bhfanfaidh sé i bhfeirmeoireacht ar feadh 5 bliana ón gcéad íocaíocht C A. ☐ ☐
- Ag comhlíonadh riachtanas Dea-chleachtas Feirmeoireachta. ☐ ☐

Líon. capaill ☐ Líon. Fia ☐ Líon. gabhair ☐

Eallach ☐ Caoirigh ☐

(a) Líon iomlán LUanna _____

(b) Achar Glan Foráiste ar a bhfuil feirmeoireacht _____Heictéir

Dlús stoic (uimh LUanna in aghaidh an heictéir) = a/b = _____
(Diúltaigh más < 0.15)

- tá dlús stoic aige/aici de 0.15 LU nó níos airde oroo nó más cás maolaithe ☐ ☐
- tá stoc ar an ngabháltas aige/aici agus tá sé/sí ag feirmeoireacht faoi láthair ☐ ☐

Deimhniú Iarratasóra nó Gníomhaire:
Deimhním, an tIarrratasóir/Gníomhaire (scrios mar is gá) gur míníodh dom an nós imeachta cigireachta a bhí le leanúint agus táim sásta gur dearnadh é dá réir sin.

Síniú an Iarratasóra/Ghníomhaire:_____

Dáta _____

Síniú/Sínithe an duine/na daoine i láthair: _____

Tuairimí an Iarratasóra/Gníomhaire (más ann dóibh)

_____

_____

_____

Sínithe ag an oifigeach cigireachta: _____

Cód _____ Dáta _____

Lámh cúnta tugtha ag _____

Cód _____ Dáta _____

Seiceáilte ag SAO _____

Cód _____ Dáta _____

Seiceáilte ag DS _____

Cód _____ Dáta _____

IONCHURTHA I gCÓIR ÍOCAÍOCHTA TÁ/NÍL

Fáth más NÍL _____

_____

Sínithe ag _____

SO/EO Dáta _____

5. SCÉIM COSANTA COMHSHAOIL TUAITHE (REPS)

Cúlra

Is é an aidhm atá ag REPS ná feirmeoirí a chúiteamh as ucht a gcuid gníomhaíochtaí feirmeoireachta a dhéanamh i modh atá báúil don timpeallacht agus chun feabhsúchán timpeallachta a thabhairt chun cinn ar na feirmeacha atá ann faoi láthair. Is conradh toilteanach é idir an feirmeoir agus an Roinn agus tá sé 75% comh-mhaoinithe ag an AE.

Foirmeacha/Dátaí Iarratas

Iarratas ar feadh na bliana i gcóir admháil don scéim.

Cáipéisíocht scéime ar fáil ón oifig áitiúil AES.

Seolfaidh an Roinn amach an fhoirm iarratais i gcóir íocaíochta bliantúil agus caithfear é a sheoladh ar ais laistigh de dhá mhí den dáta cothrom.

Seiceanna Riaracháin

Tá gach iarratas, bíodh na conarthaí nua nó ar marthain cheana féin, faoi réir ag mionseic deasc, tras-comhlíonadh san áireamh.

Cigireacht

- 5% réamh-íocaíocht dóibh siúd a bhí rannpháirteach i REPS cheana féin
- 10% réamh-íocaíocht dóibh siúd atá ag glacadh páirte i REPS don chéad uair
- 25% cigireacht comhlíonta bhliantúil
- 5% seic phlean bliantúil agus cuairt feirme
- Éilíonn na rialacháin cigireachtaí gan aon fhógra

Saincheisteanna comhlíonta:

- Ní bhreithneofar ach ar cheantair atá dearbhaithe ar IACS i gcóir íocaíochta.
- Fanann an dualgas ar an rannpáirtí an fhoirm bhliantúil iarratais a fháil agus é a leagan isteach roimh an dáta cuí ábhartha.
- Gearrfar pionóis ar iarratais déanacha, agus ar neamh-chomhlíonadh le téarmaí agus coinníollacha na scéime srl.

Íocaíocht: Roimh ré agus de réir na rátaí faofa foilsithe	
Próiseáil iarratas bliantúil	Faomhfar iarratas bliantúil bailí ■ laistigh de 8 seachtaine
Próiseáil iarratas chun páirt a ghlacadh sa scéim	Faomhfar iarratas bailí nár roghnaíodh i gcóir cigireachta réamh-íocaíochta ■ laistigh de 10 seachtain Faomhfar iarratas bailí a roghnaíodh i gcóir cigireachta réamh-íocaíochta ■ laistigh de 12 seachtain
Próiseáil Íocaíochta	Ag leanúint ar faomhadh, eiseofar gach íocaíocht ■ laistigh de 4 seachtaine

Páirtnéireachtaí agus REPS

Cuirfidh an Roinn isteach socruithe chun cóiríocht báúil a dhéanamh le haghaidh páirtnéireachtaí sa Scéim nua.

Leanfaidh feirmeoirí atá rannpáirteach sa Scéim REPS sula dtéann siad isteach i bpáirtnéireacht táirgeadh bainne ar aghaidh ag fáil íocaíochtaí indibhidiúla tar éis dóibh dul isteach sa bpáirtnéireacht ar feadh tréimhse a gconradh indibhidiúil REPS.

Moltaí Eile

Rachaidh an Roinn i gcomhchomhairle leis na heagraíochtaí feirme i gcomhthéacs dhréachtú coinníollacha na scéime nua REPS. Táthar ag súil go mbeidh ráta cigireachta ginearálta de 5% ag an scéim.

6. SCÉIM UM LUATH-SCOR

Cuspóirí:

Is iad cuspóirí na Scéime ná:

- **chun ioncam a chur ar fáil d'fheirmeoirí níos sine a dhéanann an cinneadh eirí as feirmeoireacht**
- **chun feirmeoirí a bheidh in ann inmharhanacht eacnamaíoch na ngabháltas talmhaíochta atá fágtha a fheabhsú, sa chás gur chuí, a spreagadh chun áit na bhfeirmeoirí níos sine a thógáil**
- **chun talamh talmhaíochta a athshannadh d'úsáideanna neamh-talmhaíochta sa chás nach féidir feirmeoireacht a dhéanamh air faoi choinníollacha sásúla inmharthanachta eacnamaíocha**

Foirmeacha/Dátaí Iarratas:

Iarratas ar feadh na bliana.

Seiceanna Riaracháin:

Beidh iarratais faoi réir ag seic riaracháin tosaigh chun a chinntiú go bhfuarthas na bun-cháipéisí, agus ina dhiaidh sin, déanfaidh an Chigireacht mion-seic teicniúil.

Cigireacht:

Roghnaítear 10% d'iarratais i gcóir chigireacht réamh-íocaíochta neamh-fhógraithe.

Déantar cigireachtaí bliantúla iar-íocaíochta freisin ar 10% de rannpháirtithe.

Saincheisteanna Comhlíonta:

Má theipeann ar an aistreoir nó an t-aistrí téarmaí agus coinníollacha na Scéime a chomhlíonadh, féadfar pionós airgid a ghearradh.

Íocaíocht:

Tosóidh íocaíocht an phinsin laistigh de 6 seachtaine den fhaomhadh agus íocaíochtaí eile ag eisiúint in aghaidh na míosa ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse an phinsin.

Am Scála		
Iarratas	**Cigireacht**	**Íocaíocht**
Seic riaracháin bailíochta laistigh de 3 seachtaine 9 seachtaine i gcóir éisiúint faofa ag leanúint ar admháil iarratais bailí (11 seachtaine má roghnaítear é i gcóir cigireachta réamh-íocaíochta)	10% réamh-íocaíocht 10% iar- íocaíocht Tá an Roinn ag cuartú faomhadh an AE chun é a ísliú go 5% (teastaíonn leasú foirmeálta don RDP)	Tosóidh íocaíocht phinsin laistigh de 6 seachtaine den fhaomhadh. Déanfar tuilleadh íocaíochtaí go míosiúil ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse an phinsin.

7. DEONTAS COILLTEOIREACHTA AGUS SCÉIMEANNA PRÉIMHEANNA

Cúlra

Oibríonn an Roinn réimse scéimeanna coillteoireachta agus scéimeanna ábhartha eile faoi láthair, ach is í an phríomhcheann ná an Scéim Coillteoireachta, a chuireann deontais agus préimheanna ar fáil le haghaidh an chéad cur ar thalamh talmhaíochta. Tá feirmeoirí ag tabhairt faoi os cionn 90% de chur príobháideach anois de réir na scéime seo. Mar sin féin, ní dhéanann ach beagán feirmeoirí an obair iad féin – ina áit sin, déanann cuideachtaí nó comhairleoirí proifisiúnta foraoiseachta an obair ar a son, agus tá 100% de na costais clúdaithe trí chúnamh deontais ón Roinn. Go ginearálta, tugann an feirmeoir sainordú go n-íocfar na deontais go díreach don chuideacht atá ag déanamh na hoibre, a chinntíonn nach dtarraingíonn an feirmeoir aon chostas díreach air/uirthi féin ag teacht as an gcur agus dá bharr sin, ní bheidh aon mhoill íocaíochta ann. Íoctar préimh bhliantúil freisin, an uair seo go díreach don fheirmeoir. Tarlaíonn an babhta íocaíochta préimhe i Márta gach bliain.

I measc na scéimeanna eile atá á bhfeidhmiú ag an Roinn, tá:

- Scéim na gCoillearnach Dúchasach
- An Scéim Neighbourwood
- Athchóiriú Coillearnaí
- Feabhsúchán Coillearnaí
- Múnlú crann leathanduilleach agus ard-bhearradh crann buaircíneach
- Bóithre Foraoise

Foirmeacha/Dátaí Iarratas

Níl aon sprioc ann i ndáil le hiarratais a fháil do na scéimeanna. Baintear úsáid as foirm iarratais chaighdeánach (Foirm 1) i gcóir réamh-fhaomhadh i ngach scéim. Ní mór do gach forbairt coillteoireachta atá molta faomhadh scríofa na Roinne a fháil roimh ré. Ní bheidh aon fhorbairt a théann ar aghaidh gan a leithéid d'fhaomhadh intofa i gcóir cúnamh deontais.

Seiceanna Riaracháin

- Tugtar admháil do gach iarratais i gcóir faomhadh le bileog admhála chaighdeánach.
- Tagraítear an t-iarratas don chigire ábhartha i gcóir measúnú agus moltaí.
- Má aithnítear aon saincheist chomhshaoil, féadfar an t-iarratas a chur ar aghaidh ag comhlacht forordaithe, mar shampla, an tSeirbhís Náisiúnta um Pháirceanna agus

Fiadhúlra, Údarás Áitiúil nó Bord Iascaigh. Éilíonn suímh sa rannóg seo próiseas comhchomhairle poiblí.

- Má tá an suíomh níos mó ná 2.5 heictéar, foilsítear fógra den iarratas sna nuachtáin áitiúla.
- Má tá an fhorbairt molta níos mó ná 25 heictéar, tagraítear an t-iarratas don Údarás Áitiúil ábhartha ar mhaithe lena dtuairimí.
- Má tá an suíomh níos mó ná 50 heictéar, caithfear Measúnú Tionchair Chomhshaoil a dhéanamh.

Is é an t-amscála i gcóir comhchomhairle leis na comhlachtaí seo ná 2 mhí ar a mhéid.

Cigireachtaí – Faomhadh

Gan trácht ar aon iarratas a chaithfear a chur faoi bhráid comlachtaí faofa, faigheann thart ar 40% d'iarratais coillteoireachta cigireachtaí réamh-fhaomhadh. Breathnaítear ar na suímh ó thaobh an choillshaothraithe de agus ó thaobh an chomhshaoil de. Scrúdóidh an cigire na moltaí feidhmiúla ar ullmhúchán talaimh, roghnú speicis, stocáil agus spásáil plandaí, draenáil agus riachtanais leasuithe. Má tá an Roinn sásta go rachaidh an phlandáil ar aghaidh, eiseofar litir fhaofa ag tabhairt le fios na téarmaí agus na coinníollacha faoina gceadófar an phlandáil.

Íocaíocht

Caithfear iarratais i gcóir íocaíochta a chomhlánú agus a shíniú ag an iarratasóir agus ag an bhforaoiseoir ag an am a leagtar isteach é. Tá gach scéim deontais bunaithe ar chostais agus caithfear fianaise i bhfoirm cáipéisí a chur ar fáil i gcóir costais a tarraingíodh agus i gcóir rudaí a ceannaíodh.

Deimhníonn cigire na Roinne iarratais i gcóir íocaíochta sula n-íoctar iad. Tá thart ar 40% d'iarratais faoi réir ag cigireacht shuímh. Má tá an cháipéisíocht comhlánaithe agus má dhearbhaíonn an Cigire go ndearnadh na hoibreacha de réir coinníollacha na scéime agus go bhfuil na costais atá á éileamh réasúnta, íocfar an deontas coillteoireachta agus an chéad phréimh. Tá an dara deontas suiteála iníoctha tar éis an cheathrú bliain. Íoctar préimheanna go bliantúil ar feadh fiche bliain i ndáil le feirmeoirí agus ar feadh cúig bliana déag i ndáil leo siúd nach feirmeoirí iad.

Saincheisteanna Comhlíonta

Ní sé ceadaithe d'iarratasóir an deontas coillteoireachta nó íocaíocht préimhe a éileamh i ndáil le haon achar talaimh atá áirithe in éileamh faoi aon scéim eile an AE a bhfuil baint aige le hachar talaimh, mar shampla, na scéimeanna cur i leataobh, REPS agus cúnamh ceantair atá á riaradh ag an Roinn. Chun é seo a chinntiú, baineann an Roinn úsáid as teicneolaíocht mapála ríomhaireachta chun an t-achar atá éilithe a sheiceáil agus chun an mapa a thugtar ar aird a thras-seiceáil in aghaidh thaifid na Roinne.

Am Scála		
Iarratas	**Cigireacht**	**Íocaíocht**
Scéimeanna Deontais Ar feadh na bliana		
Faomhaidh laistigh de 10 seachtaine ach amháin sa chás go n-éilítear comhchomhairle poiblí de réir reachtaíochta; 14 seachtaine sna cásanna seo nuair atá sé praiticiúil. Má bhaineann siad siúd atá ag déanamh agóide úsáid as a gceart reachtúil achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá d'eisiúint an faofa, ní féidir leis an gcustaiméir dul ar aghaidh leis an bplandáil go dtí go ndéantar cinneadh ar an achomharc.	Leibhéal cigireachta 40% laistigh de cheithre seachtain tar éis an iarratais a fháil. Tabharfar fógraí cigireachta d'úinéirí talaimh.	Laistigh de sé seachtaine i gcóir cásanna nach cásanna cigireachta iad nó deich seachtaine sa chás go dteastaíonn cigireacht – déanfar athbhreithniú air seo nuair a bheidh an córas nua ríomhaireachta ag feidhmiú go hiomlán.
Scéim Phréimhe Coillteoireachta Ar feadh na bliana	Níl aon chigireacht réamh-íocaíochta ann Cigireachtaí bliantúla randamacha	Rithtear an phríomh-shraith íocaíochtaí i Márta ach leanann íocaíochtaí ar aghaidh i rith na bliana.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar na Costálacha Caighdeánacha le héifeacht ó Eanáir gach bliain.

8. SCÉIMEANNA INFHEISTÍOCHTA AR-FHEIRM

8.a Scéim Bainistiú Dramhaíola ar Fheirmeacha

Íocaíocht deontais i gcóir infheistíochtaí ar-fheirm i ndáil le háiseanna stórála le haghaidh sadhlas agus dramhaíl talmhaíochta, tithíocht ainmhithe agus trealamh nua le haghaidh riaradh dramhaíl feirme.

Dátaí/Foirmeacha Iarratas:

Iarratas ar feadh na bliana – foirm FWM 1.

Seiceanna Riaracháin:

Seiceanna Réamh-fhaomhadh agus réamh-íocaíochta

Cigireacht:

Cigireacht réamh-fhaomhadh 100% agus réamh-íocaíocht 100%

Saincheisteanna Comhlíonta:

Tá an íocaíocht bhreise d'fheirmeoirí óga teoranta d'fheirmeoirí laistigh den chéad chúig bliana d'fheirmeoireacht amháin; níl sé ceadaithe go mbeidh táirgíocht bhreise mar thoradh ar an infheistíocht; caithfear foirgnimh a úsáid le haghaidh an chuspóir atá leagtha amach ar feadh cúig bliana.

Is ag an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go gcríochnófar foirgnimh de réir na sonraíochta; ní dhéanann foireann na Roinne aon chigireacht go dtí go bhfaighfear an t-éileamh deireannach.

Íocaíocht:

Tá íocaíocht bunaithe ar admhálacha, agus é faoi réir ag na huasteorainneacha i gcóir struchtúir atá bunaithe ar Chostálacha Caighdeánacha na Roinne.

Amscála		
Iarratas:	**Cigireacht:**	**Íocaíocht:**
10 seachtaine i gcóir eisiúint faofa	100% réamh-faomhadh agus 100% réamh-íocaíocht (10% cigireacht réamh-fhaomhadh i gcóir trealamh soghluaiste)	Faomhadh i gcóir íocaíochta laistigh de 9 seachtaine agus íocaíocht eisithe laistigh de 5 seachtaine tar éis an éileamh a fháil

Moltaí eile:

Déanfaidh an Roinn iarracht i rith an chéad bhabhta idirbheartaíochta eile d'Fhorbairt Tuaithe fáil réidh leis an toirmeasc ar mhéadú táirgíochta agus an teorainn cúig bliana ar íocaíocht an deontais bhreise d'fheirmeoirí óga.

Beidh comhráití ann leis na heagraíochtaí feirmeoireachta maidir leis na cruthúnais chaiteachais a éileofar roimh an chéad Bhabhta Forbairt Tuaithe eile.

Déanfaidh an Roinn athbheithniú ar na chostálacha caighdeánacha le héifeacht ó Eanair gach bliain. Ba cheart é seo a dhéanamh tamall maith roimh ré sa chaoi is go bhfógrófar aon athrú ar chostálacha caighdeánacha roimh an sprioc i mí Eanáir. I gcásanna ina bhfuil arduithe suntasacha i gcostálacha, déanfar an beart faoi dhó sa bhliain.

Le héifeacht ó na chéad athbhreithnithe eile den Scéim, glacfaidh an Roinn le hiarratais ag leanúint ar eisiúint chinneadh chun rúin chead pleanála a cheadú.

Tá sé ar intinn ag an Roinn an sceideal íocaíochta a isliú ó 9 agus 5 seachtaine go 8 agus 4 seachtaine faoi seach ó 2007 ar aghaidh, ag teacht le forbairtí i réimse faisnéise na teicneolaíochta.

8.b Scéim Sláinteachais Déirí

Íocaíocht deontais le haghaidh infheistíochtaí ar fheirm maidir le huasghrádú áiseanna déiríochta agus feabhsúcháin chaighdeáin sláinteacháis déiríochta.

Dátaí/Foirmeacha Iarratas:

Iarratas ar feadh na bliana – Foirm DHS 1.

Seiceanna Riaracháin:

Seiceanna Réamh-Fhaofa agus Réamh-Íocaíochta

Cigireacht:

Cigireacht 100% réamh-fhaofa agus 100% réamh-íocaíochta.

Saincheisteanna Comhlíonta:

Tá an íocaíocht bhreise d'feirmeoirí óga teoranta d'fheirmeoirí laistigh den chéad cúig bliana d'fheirmeoireacht amháin; níl sé ceadaithe go mbeidh táirgíocht bhreise mar thoradh ar an infheistíocht; caithfear foirgnimh a úsáid le haghaidh an chuspóir atá leagtha amach ar feadh cúig bliana.

Is ag an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go gcríochnófar foirgnimh de réir na sonraíochta; ní dhéanann foireann na Roinne aon chigireacht go dtí go bhfaighfear an t-éileamh deireannach.

Íocaíocht:

Tá íocaíocht bunaithe ar admhálacha, agus é faoi réir ag na huasteorainneacha i gcóir struchtúir atá bunaithe ar Chostálacha Caighdeánacha na Roinne.

Amscála		
Iarratas:	**Cigireacht:**	**Íocaíocht:**
Faoi láthair: 10 seachtaine i gcóir eisiúint faofa	100% réamh-faomhadh agus 100% réamh-íocaíocht (10% cigireacht réamh-fhaofa i gcóir tancanna toirtiúla)	Faomhadh i gcóir íocaíochta laistigh de 9 seachtaine agus íocaíocht eisithe laistigh de 5 seachtaine tar éis an éileamh a fháil

Moltaí eile:

Déanfaidh an Roinn iarracht i rith an chéad bhabhta idirbheartaíochta eile d'Fhorbairt Tuaithe fáil réidh leis an dtoirmeasc ar mhéadú táirgíochta agus an teorainn cúig bliana ar íocaíocht an deontais breise d'fheirmeoirí óga.

Beidh comhráití ann leis na heagraíochtaí feirmeoireachta maidir leis na cruthúnais chaiteachais a éileofar roimh an gcéad Bhabhta Forbairt Tuaithe eile.

Déanfaidh an Roinn athbheithniú ar na chostálacha caighdeánacha le héifeacht ó Eanair gach bliain. Ba cheart é seo a dhéanamh tamall maith roimh ré sa chaoi is go bhfógrófar aon athrú ar chostálacha caighdeánacha roimh an sprioc i mí Eanáir. I gcásanna ina bhfuil arduithe suntasacha i gcostálacha, déanfar an beart faoi dhó sa bhliain.

Le héifeacht ó na chéad athbhreithnithe eile den Scéim, glacfaidh an Roinn le hiarratais ag leanúint ar eisiúint chinneadh chun rúin chead pleanála a cheadú.

Tá sé ar intinn ag an Roinn an sceideal íocaíochta a isliú ó 9 agus 5 seachtaine go 8 agus 4 seachtaine faoi seach ó 2007 ar aghaidh, ag teacht le forbairtí i réimse fáisnéise na teicneolaíochta.

Rachaidh an Roinn i gcomhchomhairle leis na heagraíochtaí feirmeoireachta agus é mar aidhm aici teacht ar aontú chun déileáil le suiteáil ollumar bainne cuisnithe i gcásanna éigeandála ag teacht as cliseadh tobann trealaimh.

8.c Scéim Malartach Fiontar

Íocaíocht deontais i gcóir infheistíochta ar-fheirm i ndáil le fiontair mhalartacha (áiseanna tithíochta agus láimhseála).

Dátaí/Foirmeacha Iarratas:
Iarratais ar feadh na bliana – foirm AES 1+ plean gnó.

Seiceanna Riaracháin:
Seiceanna Réamh-fhaofa agus réamh-íocaíochta

Cigireacht:
Cigireacht 100% réamh-fhaofa agus 100% réamh-íocaíochta

Saincheisteanna Comhlíonta:
Caithfear foirgnimh a úsáid le haghaidh an chuspóir atá leagtha amach ar feadh cúig bliana.

Is ag an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go gcríochnófar foirgnimh de réir na sonraíochta; ní dhéanann foireann na Roinne aon chigireacht go dtí go bhfaighfear an t-éileamh deireannach.

Íocaíocht:
Tá íocaíocht bunaithe ar admhálacha, agus é faoi réir ag na huasteorainneacha i gcóir struchtúir atá bunaithe ar Chostálacha Caighdeánacha na Roinne.

Amscála		
Iarratas:	**Cigireacht:**	**Íocaíocht:**
10 seachtaine i gcóir eisiúint faofa	100% réamh-fhaomhadh agus 100% réamh-íocaíocht	Faomhadh i gcóir íocaíochta laistigh de 9 seachtaine agus íocaíocht eisithe laistigh de 5 seachtaine tar éis an éileamh a fháil

Moltaí Eile:
Beidh comhráití ann leis na heagraíochtaí feirmeoireachta maidir leis na cruthúnais chaiteachais a éileofar roimh an gcéad Bhabhta Forbartha Tuaithe eile.

Déanfaidh an Roinn athbheithniú ar na chostálacha caighdeánacha le héifeacht ó Eanair gach bliain. Ba cheart é seo a dhéanamh tamall maith roimh ré sa chaoi is go bhfógrófar aon athrú ar chostálacha caighdeánacha roimh an sprioc i mí Eanáir. I gcásanna ina bhfuil arduithe suntasacha i gcostálacha, déanfar an beart faoi dhó sa bhliain.

Glacfaidh an Roinn le hiarratais ag leanúint ar eisiúint cinneadh chun rúin chead pleanála a cheadú maidir le Scéimeanna sa todhchaí.

8.d Scéim Chúnamh Suiteála

Deontas amháin €9,523 d'fheirmeoirí faoi bhun 35 bliain d'aois ag fáil réidh chun dul ag feirmeoireacht den chéad uair.

Dátaí/Foirmeacha Iarratas:

Iarratais ar feadh na bliana – próiseas iarratais dhá chéim (forim IAS 1 & IAS 2).

IAS 1 – leagtha isteach laistigh de shé mhí ó fháil réidh; cuirfear pionós 5% in aghaidh na míosa i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

IAS 2 – leagtha isteach laistigh de 30 mí ó fháil réidh; cuirfear pionós 1% in aghaidh an lae i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Seiceanna Riaracháin:

Seiceanna Réamh-fhaofa agus réamh-íocaíochta

Cigireacht:

Cigireacht 10% réamh-íocaíochta.

Saincheisteanna Comhlíonta:

Ní mór d'iarratasóirí a bheith, inter alia, socraithe ar ghabháltas agus caithfear an cinneadh a dhéanamh i bprionsabal an deontas a fhaomhadh laistigh de 12 mí.

Íocaíocht:

Déanfar íocaíocht ag leanúint ar bhailiochtú na foirme IAS 2.

Amscála		
Iarratas:	**Cigireacht:**	**Íocaíocht:**
10 seachtaine i gcóir eisiúint faofa tar éis an IAS 2 a fháil (12 seachtain má roghnaítear i gcóir cigireachta réamh-íocaíochta	Cigireacht 10% réamh-íocaíocht	Eisiúint íocaíochta laistigh de 5 seachtaine

Moltaí Eile:

Déanfaidh an Roinn iarracht i rith an chéad bhabhta idirbheartaíochta eile d'Fhorbairt Tuaithe fáil réidh leis an riachtanas eisiúint faofa.

Déanfaidh an Roinn socrú chun gach aistrí faoin Scéim Luath-Scor a chur ar an eolas faoin Scéim Chúnamh Suiteála a bheith ann, agus faoi na spriocamanna ábhartha ata infheidhmithe.

8.e Scéim Leasa Muc

Íocaíocht deontais i gcóir infheistíochta ar-fheirm i ndáil le feabhsuithe i gcaighdeáin leasa ainmhithe (tithíocht chránach) chun comhlíonadh le caighdeáin leasa ainmhithe an AE do mhuca a éascú.

Dátaí/Foirmeacha Iarratas:
Iarratas ar feadh na bliana – foirmeacha PWS 1 & 2.

Seiceanna Riaracháin:
Seiceanna réamh-fhaofa agus réamh-íocaíochta.

Cigireacht:
Cigireacht réamh-fhaofa 100% agus réamh-íocaíochta 100%

Saincheisteanna Comhlíonta:
Níl sé ceadaithe go mbeidh táirgíocht bhreise mar thoradh ar an infheistíocht; caithfear foirgnimh a úsáid le haghaidh an chuspóir atá leagtha amach ar feadh cúig bliana.

Is ag an iarratasóir atá an fhreagracht a chinntiú go gcríochnófar foirgnimh de réir na sonraíochta; ní dhéanann foireann na Roinne aon chigireacht go dtí go bhfaighfear an t-éileamh deireannach.

Íocaíocht:
Tá íocaíocht bunaithe ar admhálacha, agus é faoi réir ag na huasteorainneacha i gcóir struchtúir atá bunaithe ar Chostálacha Caighdeánacha na Roinne.

Amscála		
Iarratas:	**Cigireacht:**	**Íocaíocht:**
10 seachtaine i gcóir eisiúint faofa	Cigireacht 10% réamh-fhaofa agus 100% réamh-íocaíocht	Faomhadh i gcóir íocaíochta laistigh de 9 seachtaine agus íocaíocht eisithe laistigh de 5 seachtaine tar éis an t-éileamh a fháil

Moltaí Eile:
Déanfaidh an Roinn athbheithniú ar na costálacha caighdeánacha le héifeacht ó Eanair gach bliain. Ba cheart é seo a dhéanamh tamall maith roimh ré sa chaoi is go bhfógrófar aon athrú ar costálacha caighdeánacha roimh an sprioc i mí Eanáir. I gcásanna ina bhfuil arduithe suntasacha i gcostálacha, déanfar an beart faoi dhó sa bhliain.

9. SCÉIMEANNA SLÁINTE AINMHITHE

9.a Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise

Cúlra:

Mar gheall ar shláinte poiblí agus cúraimí eile, is ceart go bhfanfadh an creat oibre náisiúnta in áit i gcóir smachta agus díothaithe eitinne agus brúsalóise. Tá gach úinéir/coimeádaí ainmhithe freagrach ar deireadh as sláinte agus leas na n-ainmhithe faoina c(h)úram. Mar sin féin, i gcás eitinne, thaispeáin tuairiscí éagsúla go gcuireann broic, speiceas atá caomhnaithe faoi Choinbhinsiún Berne, le leathnú an ghalair. Is iad na tuairiscí seo freisin atá mar bhunús ag Straitéis Fiadhúlra reatha na Roinne, a chuidigh go mór leis an ísliú atá tugtha faoi deara i minicíocht an ghalair.

Tá scéim chúitimh, páirt-maoinithe le tobhaigh ghalair, curtha ar fáil mar chuid den iarracht iomlán chun na galair seo a dhíothú.

Is iad seo a leanas príomh-ghnéithe an réimis chúitimh atá ann faoi láthair i gcóir íocaíochta cúitimh d'ainmhithe a thógtar de réir na Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóis:

- Scéim Luachála Margaidh Ar-Fheirm
- Scéim Fordheontas Ioncaim
- Scéim Dheontas Bánaithe
- Scéim Dheontas Cruatain

Chun go mbeidh sé/sí cáilithe i gcóir íocaíochta, caithfidh an úinéir/coimeádaí na coinníollacha cuí intofachta do gach scéim a chomhlíonadh. Glacann an Roinn uirthi féin an cúram a chinntiú go gcoinnítear na húinéirí/coimeádaithe ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha ábhartha a bhaineann le réimeas smachta agus díothaithe eitinne agus brúsalóise na Roinne agus na scéimeanna cúitimh gaolmhara.

Dátaí/Foirmeacha Iarratais:

Maidir leis an Scéim Dheontas Cruatain ina leagtar isteach an fhoirm iarratais chomhlánaithe ER97 ó Shamhain go 30 Aibreán gach bliain, cinnteoidh an Roinn go n-eiseofar an fhoirm iarratais agus téarmaí agus coinníollacha na scéime do gach úinéir/coimeádaí a d'fhéadfadh a bheith intofa go gairid roimh agus i rith na tréimhse iarratas. Eiseofar an fhoirm iarratais go háirithe do gach úinéir/coimeádaí a bhfuil a dtréada srianta ar 16 Deireadh Fómhair nó, sa chás gur chuí, a bheidh srianta ag aon am tar éis an dáta sin chomh fada leis an 30 Aibreán.

Breithníonn an Roinn go huathoibríoch ar chúiteamh de réir na scéimeanna um Luacháil Margaidh Ar-Fheirm agus Bánaithe agus Fordheontas Ioncaim, sa chás go n-aithnítear

ainmhithe mar imoibreoirí nó go meastar iad a bheith ina n-imoibreoirí chun críche díothaithe, faoi réir ag comhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá ábhartha do na scéimeanna i gceist agus leagan isteach na gcáipéisí cuí.

Seiceanna Riaracháin:

Déantar seiceanna sula n-eisítear íocaíocht chun a chinntiú go bhfuil an cháipéisíocht ábhartha ar fad ar fáil agus nár sháraigh an t-úinéir/coimeádaí aon cheann de na forálacha den Acht um Ghalair Ainmhithe, 1966, aon Ordú a rinneadh dá réir, nó gluaiseacht, aitheantas agus smachta eile atá leagtha síos de réir na Scéimeanna Díothúaithe Galar.

Déantar seic 100% riaracháin sula n-eisítear íocaíochtaí.

Saincheisteanna Comhlíonta:

Cuireann an Roinn na rialacha sonraithe i ndáil le saincheisteanna cúitimh i gcóir eitinne agus brúsalóise agus na coinníollacha a mbaineann leo ar fáil d'úinéirí/comeádaithe.

Tá teideal i gcóir íocaíochta ag brath ar an úinéir/coimeádaí i gceist chomhlíonadh riachtanais an Achta um Ghalair Ainmhithe, 1966, aon ordú a rinneadh dá réir, agus rialacháin náisiúnta/AE ag déanamh rialú ar ghluaiseacht, aitheantas agus clárú eallach.

Féadfaidh an tAire íocaíocht chúitimh a dhiúltú, go hiomlán nó i bpáirt, sa chás nach sásaíonn úinéir/coimeádaí na forálacha thuasluaite nó sa chás go bhfuil an tAire sásta gur theip ar an úinéir/coimeádaí comhoibriú leis na hoifigigh údaraithe nó Cigirí Tréidliachta na Roinne agus iad ag comhlíonadh a ndualgas de réir na Scéimeanna.

Íocaíocht:

Déantar íocaíocht faoi réir chomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha ábhartha na scéimeanna agus tar éis an cháipéisíocht cheart a bheith faighte.

Amscála i gcóir íocaíochta:

Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise

Seirbhís	Spriocam Seachadta
Cúiteamh – Scéimeanna Díothaithe Eitinne Buaibhí agus Brúsalóise	I 2005, íocfar cúiteamh eitinne agus brúsalóise laistigh de 4 seachtaine ón dáta a fuarthas an cháipéisíocht cheart atá ag teastáil, de réir téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis na scéimeanna cúitimh indibhidiúla: Scéim um Luacháil Margaidh Ar-Fheirm, Scéim um Fhordheontas Ioncaim, Scéim um Dheontas Cruatain agus Scéim um Dheontas Bánaithe. Ísleofar é seo do 3 seachtaine ó 2006 ar aghaidh.

9.b Scéimeanna Leasa Ainmhithe Eile

Cúlra:

Feidhmíonn an Roinn Talmhaíochta agus Bia (DAF) polasaí faoi láthair faoina ndéantar bánú iomlán tréada nuair a chinntítear go bhfuil BSE i dtréad. Caithfear gach ainmhí buaibheach atá i láthair ar aon ghabháltas a bhfuil baint aige leis an uimhir thréada atá BSE-dhearfach a thógáil agus a mharú faoi mhaoirseacht na Roinne, beag beann ar aois nó fad cónaithe.

Ag leanúint ar fhógairt go bhfuil diagnóis BSE dearbhaithe, socróidh DAF luacháil a fháil déanta de réir Ionstraim Reachtúil Uimhir 195 de 1990. Caithfidh úinéir/coimeádaí tréada gach ainmhí buaibheach a thabhairt ar aird ar mhaithe le cigireacht ag oifigeach ón DAF. Caithfear gach ainmhí atá cláraithe san uimhir thréada BSE-dhearfach nó atá i láthair ar an áitreabh céanna le hainmhí buaibheach atá cláraithe san uimhir thréada BSE-dhearfach a chur san áireamh, beag beann ar aois nó tréimhse chónaithe. Éileofar ar an úinéir/coimeádaí tréada foirm a shíniú (Foirm BSE 30) ag tabhairt le fios go bhfuil gach ainmhí buaibheach ábhartha géillte.

Tá dualgas ar úinéirí/coimeádaithe tréada cuntas sásúil a thabhairt ar na hainmhithe atá cláraithe ina gcuid tréad de réir CMMS ag an am gur dearbhaíodh BSE. Ní mór d'úinéirí/coimeádaithe tréada a chinntiú go bhfuil gach ainmhí a thabharfar ar aird le haghaidh luachála cláraithe ina n-uimhir thréada de réir CMMS. Ba cheart aon neamhréiteach a phlé le foireann an NBAS ag an DVO áitiúil.

Ó Dheireadh Fómhair 2003, déantar géinitíopáil ar aon tréad ina dhearbhaítear scráibeach, agus ní dhéantar bánú ach ar na hainmhithe sin is mó atá so-ghabhálach don ghalar.

I measc an chúitimh atá iníoctha de réir na scéime reatha, tá luacháil bheo ar na hainmhithe atá ag pórú. Tugtar an deis d'úinéirí tréada luachálaí a roghnú ó liosta de chúigear ina gcomharsanacht, chomh fada is atá siad ar fáil, agus chomh fada is nach gcuireann a leithéid de rogha moill níos mó ná 14 lá ar luacháil ó dháta na rogha. Sa chás nach bhfuil an chéad luachálaí a roghnaíodh ar fáil, beidh an deis acu an dara luachálaí a roghnú. Ceadófar luachálaí achomhairc má tá an t-úinéir tréada míshásta leis an gcéad luacháil. Má tá an t-úinéir tréada míshásta leis an luacháil achomhairc, is féidir leis/léi iarraidh go gcuirfear an cheist luachála faoi bhráid eadránaithe. Cuirfidh an luacháil achomhairc an luacháil bhunaidh ar neamhní agus beidh an dá pháirtí faoi cheangal ag fionnachtana an eadránaithe. Féadfaidh an Roinn freisin luacháil a achomharc agus an cheist a chur faoi bhráid eadrána.

Tá an ráta cúitimh d'uain mhonarcha iníoctha de réir an mheán-phraghais in aghaidh an kg sa mhonarcha atá infheidhmithe i seachtain an mharaithe, agus tá íocaíocht chruatain de €28 in aghaidh gach caorach atá ag pórú iníoctha freisin.

Anuas air sin, déanann an Roinn géinitíopáil ar an tréad ina iomlán agus líon teoranta reithí ionadaíocha, saor in aisce.

Déanfar íocaíochtaí cúitimh don úinéir tréada laistigh de thréimhse 2 do 4 seachtaine tar éis an cháipéisíocht chuí chomhlánaithe a fháil.

Tá an Roinn tiomanta do chomhráití leanúnacha leis na heagraíochtaí feirmeoireachta agus é mar aidhm acu éifeachtacht géinitíopála, samplála fola, luachála agus ceadaithe a fheabhsú.

Dátaí d'Íocaíochtaí i gCóir BSE agus Scráibí	
Seirbhís	**Iocaíocht**
Cúiteamh BSE	Déanfar íocaíochtaí laistigh de 4 seachtaine tar éis an cháipéisíocht chomhlánaithe a bheith curtha ar fáil. Laghdófar é seo do 3 seachtaine ó 2006 ar aghaidh.
Cúiteamh Scráibí	Déanfar íocaíochtaí laistigh de 4 seachtaine tar éis an cháipéisíocht chomhlánaithe atá ag teastáil a fháil. Laghdófar é seo do 3 seachtaine ó 2006 ar aghaidh.

10. SAINCHEISTEANNA SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA D'OIFIGIGH CIGIREACHTA

Tá gach ball foirne páirce sa Roinn eolasach, oilte agus tá taithí acu ar a gcuid dualgas. Cuirtear ar an eolas go rialta iad faoi ábhair chigireachta agus tá eolas acu ar chontúirtí a mbeifí ag súil leo agus na céimeanna feiliúnacha smachta is gá a thógáil i mbun ghníomhaíochtaí dhualgas páirce. Anuas air sin, tá an Roinn tiomanta ar a leithéid d'eolas, treoir, oiliúint agus feitheoireacht de réir mar a theastaíonn siad, a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe ag an obair a chinntiú. Má thagann baill foirne ar an tuairim go bhfuil contúirt tagtha sa treis le linn cigireachta, tarraingeoidh sé / sí siar, agus má fhágtar an obair gan chríochnú dá bharr seo, cuirfear tuairisc scríofa ina rianófar na himthosca agus bunús an chinnidh maidir le tarraingt siar chuig a (h)oigifeach sinsireach.

11. GEARÁIN

Tá de cheart ag feirmeoirí seirbhís d'ardchaighdeán a fháil. Má tá siad den tuairim nach bhfuair siad caighdeán feiliúnach seirbhíse, tabharfaimid spreagadh dóibh an cás a thabhairt níos faide agus é a réiteach. Ba cheart, ar dtús báire, an cás a chur faoi bhráid an oifigigh shinsirigh atá i bhfeighil an cheantair lena mbaineann an fhadhb. Tá sé mar pholasaí againne go leanfar ag caitheamh leis na fadhbanna seo ar bhealach dáiríre agus go ndéileáiltear leo gan mhoill.

Áit nach mbíonn feirmeoir sásta le freagra na rannóige líne atá i gceist, is féidir leis / léi an cás a thabhairt níos faide go dtí an tOifigeach Seirbhísí Cáilíochta. Is féidir é seo a dhéanamh go pearsanta, le glaoch gutháin nó i bhfoirm scríofa. Cinnteoidh an tOifigeach Seirbhísí Cáilíochta go ndéanfaidh oifigeach nach raibh bainteach leis an ábhar lenar bhain an gearán fiosrúchán iomlán agus neamhchlaonta ar an ábhar. Áit a bhfuil an locht ar an Roinn, gabhfaimid leithscéal, réiteoimid an cás agus tógfaimid cibé céim is gá chun a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís.

Is féidir dul i dteagmháil leis an Oifigeach Seirbhísí Cáilíochta ag an Aonad Seirbhísí Cáilíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Agriculture House, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Guthán 01-6072694 nó Lo-call 1890-20 05 10 folíne 2694 nó ríomhphost qualityserviceunit@agriculture.gov.ie.

Déanfaidh an tAonad Seirbhísí Custaiméirí taifeadadh agus monatóireacht ar ghearáin chun cuidiú le léargas cruinn ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus réimsí a dteastaíonn feabhas orthu a aithint. Tabharfar aiseolas do bhaill foirne ar ghearáin a fuarthas agus áit a nochtaíonn gearáin lochtanna sa chóras, déanfar athbhreithniú ar nósanna imeachta agus tabharfar aghaidh chuí ar an bhfadhb chun a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís.

Tá fáil ar eolas a bhaineann le nósanna imeachta gearáin inar n-oifigí poiblí go léir agus ar ár suíomh idirlín. Cuirtear iachall ar bhaill foirne chomh maith comhairle a chur ar chustaiméirí a bhíonn míshásta lena gceart gearán a chur isteach, agus an modh inar féidir leo an gearán sin a chur isteach.

Tá na socruithe seo sa bhreis ar cheart an fheirmeora achomharc a dhéanamh (féach rannóg 12) nó le gearán a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman má chreideann sé / sí nár caitheadh leo i mbealach feiliúnach. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman ag 18 Sráid Chill Mochargán Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Guthán (01) 678 5222 nó Lo-Call 1890 22 30 30.

12. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

Tá an Roinn tiomanta go hiomlán a chinntiú go bhfaigheann iarratasóirí scéime seirbhís iomlán agus sásúil. Áit a mbíonn iarratasóirí míshásta le toradh a n-iarratais is féidir leo achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh chuig an aonad/páirtí/eagraíocht ábhartha achomhairc. **Tá foirmeacha iaratais ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige Achomhairce Talmhaíochta ag www.agriappeals.gov.ie nó ó oifigí áitiúla.**

Tá sé mar aidhm ag an Aire leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhaineann leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta sa chaoi is go mbeidh sé de cheart ag feirmeoir nach bhfuil sásta le cinneadh a bhaineann leis an Scéim Íocaíochta Aonair achomharc a dhéanamh leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta in aghaidh an chinnidh. Seoltar achomhairc chuig:

Oifig Achomhairc Talmhaíochta,
Kilminchy Court,
Port Laoise,
Co. Laois.
Lo-Call: 1890-671671
Guthán: 0502-671-67 / 67169

Tá sé mar aidhm ag an Aire chomh maith Achomhairc Foraoiseachta a chur faoi bhráid na hOifige Achomhairc Talmhaíochta. Go dtí sin seoltar achomhairc foraoiseachta chuig:

An tAonad Achomharc,
An tSeirbhís Foraoiseachta,
An Roinn Talmhaíochta agus Bia,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Co. Loch Garman.
Lo-Call: 1890 200 223

Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise

Tá an Oifig Achomhairc Talmhaíochta freagrach freisin as achomhairc a bhaineann leis an Scéim Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise, taobh amuigh dóibh siúd a bhaineann le gnéithe luachála na scéimeanna seo. Faoin scéim luachála ar-fheirm, is féidir leis an úinéir/coimeadaí stoc agus an Roinn araon diúltiú don chéad luacháil a dhéantar ar ainmhithe faoin scéim agus an dara luacháil a iarraidh. Íocfaidh an pháirtí a dteastaíonn an luacháil achomhairc uaithi costaisí an dara luachála. Áit nach dtagtar ar chomhaontú tar éis na luachála achomhairc, is féidir an cás a chur faoi bhráid Phainéil Eadrána curtha le chéile chun déileáil le cásanna den chineál seo. Bíonn an cinneadh a dhéanann an Painéal Eadrána bunaithe ar phrionsabail an 'luacha mhargaidh' agus cuirfidh sé an dá pháirtí faoi

cheangal. Déanann an Painéal Eadrána an cinneadh freisin maidir leis an té a íocfaidh as costais an phróisis eadrána. Tá sonraí an phróisis eadrána seo leagtha amach sa cháipéis 'Scéimeanna Díothaithe Eitinne agus Brúsalóise: Scéim Luachála Margaidh ar-Fheirm: Eolas Tábhachtach don Fheirmeoir' a thugtar do gach feirmeoir ina mbíonn galar ina stoc.

Cuireann an Roinn fúithí iniúchadh géar a dhéanamh ar na moltaí a dhéanann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta don Roinn ina Tuairisc Bhliantúil agus tá siad meáite ar a gcur i bhfeidhm, sa chás gur feiliúnach sin.

13. MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ CAIRTE

Bunófar Coiste chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na cairte seo.

- Beidh cathaoirleach neamhspleách i bhfeighil an choiste seo
- Ceapfaidh an tAire an Cathaoirleach tar éis dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí Feirmeoireachta Páirtnéireachtaí Sóisialta
- Déanfar ionadaíocht ar an gcoiste ar na heagraíochtaí Feirmeoireachta Páirtnéireachtaí Sóisialta agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia.
- Casfaidh an coiste le chéile trí huaire in aghaidh na bliana nó amanta eile de réir mar a aontaítear leo

Déanfaidh an Coiste monatóireacht ar

- Dul chun cinn maidir le baint amach spriocanna íocaíochtaí / cinnidh a bunaíodh faoin gCairt seo
- Dul chun cinn maidir le baint amach agus cur i bhfeidhm spriocanna eile a bunaíodh faoin gCairt seo.
- Caighdeáin seirbhíse maidir le scéimeanna lena mbaineann an Chairt seo

Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar spriocanna íocaíochta / cinnidh mar a leagtar síos iad sa Chairt seo agus cuirfidh an Roinn an t-eolas is gá ar fáil chun an ról seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

IARSCRÍBHINN I
RIACHTANAIS REACHTÚLA BHAINISTÍOCHTA (SMR) AR TAGRAíODH DÓIBH IN AILT 3 AGUS 4 DE RIALACHÁN NA COMHAIRLE (1782/2003)

[Tagraíonn réiltíní (*) don SMR nó gnéithe den SMR a thagann i gceist freisin i gcleachtas maith feirme (GFP)]

A. Infheidhmithe ó 1.1.2005		
	Timpeallacht	**Ailt Infheidhmithe**
1.	* Treoir na Comhairle 79/409/EEC ar chaomhnú éan fiáin.	Ailt 3, 4 (1, 2, 4), 5, 7 agus 8
2.	* Treoir na Comhairle 80/68/EEC ar chosaint uisce talún in aghaidh truaillithe de bharr ábhar áirithe contúireach	Ailt 4 agus 5
3.	* Treoir na Comhairle 86/278/eec ar chosaint na timpeallachta agus go háirithe ithir, nuair a úsáidtear slúdach séarachais sa talmhaíocht	Alt 3
4.	* Treoir na Comhairle 91/676/a bhaineann le cosaint uiscí in aghaidh truaillithe de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta	Ailt 4 agus 5
5.	* Treoir na Comhairle 92/43/Eec ar chaomhnú ghnáthóga nádúrtha agus flóra agus fauna fiáine	Ailt 6, 13, 15 agus 22(b)
	Sláinte Poiblí agus Ainmhithe Aithint agus Clárú Ainmhithe	
6.	*Treoir na Comhairle 92/102/EEC ar Aithint agus Clárú Ainmhithe	Ailt 3, 4 agus 5
7.	* Rialachán an Choimisiúin (EC) Uimh 2629/97 ar leagan síos rialaithe sonraíocha do chur i bhfeidhm Rialachán Comhairle (EC) Uimh 820/97 maidir le cluasmharcanna, cláir ghabháltais agus pasanna i gcreatlach an chórais d'aithint agus clárú eallaí	Ailt 6 agus 8

8.	* Rialachán na Comhairle (EC) Uimh 1760/2000 de Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle ag socrú córais d'aithint agus clárú eallaí agus bainteach le lipéadú mairteola agus táirgí mairteola	Ailt 4 agus 7
8 A	* Rialachán na Comhairle (EC) Uimh 21/2004 de Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle ag socrú córais d'aithint agus clárú caorach agus gabhar agus ag leasú rialachán (EC) Uimh 1782/2003 agus Treoracha 92/102/EEC agus 64/432/EEC	Ailt 3, 4 agus 5

B. Infheidhmithe ó 1.1.2006		
	Sláinte Pobail, Ainmhithe agus Plandaí	**Ailt Infheidhmithe**
9.	* Treoir na Comhairle 91/414/EEC maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh	Alt 3
10.	* Treoir na Comhairle 96/22/EC maidir le cosc i bhfeirmeoireacht stoc ar úsáid shubstaintí áirithe le gníomhú hormónach nó thyrostraic agus beta-agonists	Ailt 3, 4, 5 agus 7
11.	Rialachán (AE) Uimh 178/2002 de Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle ag leagan síos prionsabail agus riachtanais ghinearálta de dhlí bia agus i leagan síos nósanna imeachta i saincheisteanna Shábhailteacht Bia	Ailt 14, 15, 17(l), 18, 19 agus 20
12.	Rialachán (AE) No 999/2001 de Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle ag leagan síos rialacha do chosaint, smacht agus díothú de spongiform encephalopathies áirithe atá inaithriste	Ailt 7, 11, 12, 13 agus 15
	Fógairt Galar	
13.	* Treoir na Comhairle 85/511/EEC ag tabhairt isteach seifteanna pobail ar mhaithe le smachtú an ghalair chrúib agus bhéil	Alt 3
14.	Treoir na Comhairle 92/119/EEC ag tabhairt isteach seifteanna ginearálta poiblí d'fhonn galair áirithe ainmhithe a choinneáil faoi smacht agus bearta sainiúla maidir le galar saicíneach muc	Alt 3
15.	Treoir na Comhairle 2000/75/EC i leagan síos forálacha sainiúla do smachtú agus díothú bluetongue	Alt 3

C. Infheidhmithe ó 1.1.2007		
	Leas Ainmhithe	**Ailt Infheidhmithe**
16.	*Treoir na Comhairle 91/629/EEC i leagan síos íoschaighdeáin do chosaint laonna	Ailt 3 agus 4
17.	*Treoir na Comhairle 91/630/EEC i leagan síos íoschaighdeáin do chosaint muc	Ailt 3 agus 4(I)
18.	*Treoir na Comhairle 98/58/EC maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críche feirmeoireachta	Alt 4

IARSCRÍBHINN 2
COINNÍOLLACHA MAITHE TALMHAÍOCHTA AGUS TIMPEALLACHTA AR TAGRAÍODH DÓIBH IN ALT 5 AGUS IARSCRÍBHINN IV DE RIALACHÁN NA COMHAIRLE (EC) UIMH 1782/2003

Saincheist	Caighdeáin
Creimeadh ithreach: ■ Cosaint ithreach trí sheifteanna cuí	■ Íosmhéid chlúdach ithreach ■ Íosmhéid bhainistíocht talún ag léiriú coinníollacha a bhaineann le suíomhanna ar leith ■ Léibhinn a choimeád
Ábhar orgánach ithreach: ■ Leibhéil ábhar orgánach ithreach a choimead trí chleachtais chuí	■ Caighdeáin d'uainíochtaí barr i gcásanna cuí ■ Bainistíocht choinligh arúil
Struchtúr ithreach: ■ Struchtúr ithreach a choimead trí sheifteanna cuí	■ Úsáid chuí trealaimh
Íosleibhéal cothabhála: ■ íosleibhéal cothabhála a chinntiú agus meathlú gnáthóg a sheachaint	■ Íosrátaí stocála beostoc nó / agus réimeanna cuí ■ Innilt bhuan a chosaint ■ Saintréithe tírdhreacha a choimead ■ Cúngach fásra nach bhfuil ag teastáil ar thalamh talmhaíochta a sheachaint

IARSCRÍBHINN 3
SCÉIM UM ÍOCAÍOCHT SHINGIL – CUR CHUIGE I DTAOBH TORTHAÍ CIGIREACHTAÍ TRAS-CHOMHLÍONTA

Ní mór dóibh siúd atá ag baint tairbhe as an Scéim um Íocaíocht Shingil (SPS) cúinsí intofachta don scéim, na Riachtanais Reachtúla Bhainistíochta (SMR) agus na coinníollacha maithe talmhaíochta agus timpeallachta a chomhlíonadh.

I 2005, tá forálacha na Réimsí Tras-Chomhlíonta infheidhmithe de réir na Scéimeanna um Íocaíocht Shingil i dtrí Réimse mar seo a leanas:

Réimse 1: Comhshaol

Treoracha

1. Treoir na Comhairle 92/79/409 EEC (Airteagail 3,4.1, 4.2, 4.4, 5, 7 agus 8),
2. Treoir na Comhairle 80/68/ EEC (Airteagail 4 agus 5),
3. Treoir na Comhairle 86/278/ EEC (Airteagal 3),
4. Treoir na Comhairle 91/676/EEC (Airteagail 4 agus 5),
5. Treoir na Comhairle 92/43/EEC (Airteagail 6,13,15 agus 22b).

Réimse 2: Sláinte Poiblí agus Ainmhithe – Aitheantas agus Clárú Ainmhithe

Treoracha

6. Treoir na Comhairle 92/102/EEC (Airteagail 3,45 agus 5),
7. Rialachán an Choimisiún (EC) Uimh 2629/1997 (Airteagail 6 agus 8),
8. Rialachán na Comhairle (EC) Uimh 1760/2000 (Airteagail 4 agus 7) agus

8a. Rialachán na Comhairle (EC) Uimh 21/2004 (Airteagail 3,4, agus 5).

Réimse 3: Caoi Mhaith Talamhaíoctha agus Timpeallachta

Réimse 2: Sláinte Poiblí agus Ainmhithe – Aitheantas agus Clárú Ainmhithe (eallaigh)

Measúnú ar Fhionnachtana na Cigireachta

Sa chás go meastar go bhfuil an leibhéal neamh-chomhlíonta neamhthábhachtach agus trí thimpist, tabharfar an deis don fheirmeoir an earráid nó an neamhréiteach a cheartú gan aon phionós airgid a leagadh air/uirthi. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-ainmhí/na hainmhithe i gceist a bheith faoi réir srianta go dtí go gceartófar an earráid nó an neamhréiteach. (Feic an Tábla thíos). Chomh maith leis sin, sa chás go dtagann aon neamhréiteach i ndáil le haitheantas nó clárú chun solais agus go bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon fhreagracht ag an gcoimeádaí ina leith, ní leagfar aon phionós.

Sa chás go bhfuil an leibhéal neamh-chomhlíonta a nochtfar níos mó ná mar atá curtha síos sa tábla, leagfar pionós agus cinnteofar an leibhéal (1%, 3% nó 5%) bunaithe ar mhéid, géire agus buaine an ábhair.

Iarscríbhinn 3 - Tábla
Uimhir ar bith ainmhithe le clib amháin
Neamhréiteach an Chláir Tréada (agus é idirdhealaithe ó mhainneachtain clár a choinneáil)
Clár Tréada neamh-chomhlánaithe ach duillíní ábhartha ar fáil leis an gclár
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár tréada (agus é idirdhealaithe ó mhainneachtain clár a choinneáil)
Neamhréiteach Pas
Pasanna Amú
2 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada suas go 50 ainmhí 3 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada ó 51 go 100 ainmhí 4 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada ó 101 go 150 ainmhí 5 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada ó 151 go 300 ainmhí 6 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada os cionn 300 ainmhí
Earráid cléireachais sa phróiseas fógartha CMMS
Fógairt Neamhchruinn CMMS 2 ainmní gan a bheith fógraithe do CMMS i dtréada suas go 50 ainmhí 3 ainmní gan a bheith fógraithe do CMMS i dtréada ó 51 go100 ainmhí 4 ainmní gan a bheith fógraithe do CMMS i dtréada ó 101 go 150 ainmhí 5 ainmní gan a bheith fógraithe do CMMS i dtréada ó 151 go 300 ainmhí 6 ainmní gan a bheith fógraithe do CMMS i dtréada níos mó ná 300 ainmhí

Ní thiocfaidh aon phionós as na meascáin seo a leanas de na míreanna thuasluaite:
Neamhréiteach sa chlár agus pasanna
Neamhréiteach sa chlár agus pasanna amú
Neamhréiteach sa chlár agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh
Neamhréiteach sa chlár agus fógairt neamhchruinn
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus neamhréiteacha pasanna
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus, ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus earráid san fhógairt
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus fógairt neamhchruinn
Neamhréiteach pasanna agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh
Neamhréiteach pasanna agus earraidí cléireachais san fhógairt
Neamhréiteach pasanna agus fógairt neamhchruinn
Pas amú agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh
Pas amú agus earráidí cléireachais san fhógairt
Pas amú agus fógairt neamhchruinn
Ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh (ag brath ar mhéid an tréada) agus earráidí cléireachais san fhógairt
Ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh (ag brath ar mhéid an tréada) agus fógairt neamhchruinn
Neamhréiteach sa chlár agus pasanna agus earráidí cléireachais san fhógairt
Neamhréiteach sa chlár agus sa phas agus, ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh
Neamhréiteach pasanna, agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh agus earráidí cléireachais san fhógairt
Meascán de neamhréitigh sa chlár, pasanna, ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh agus ainmhithe eile nár fógraíodh don CMMS. Tá an meascán infheidhmithe sa chás nach sáraítear na teorainneacha ar mhéid an tréada a sainmhíníodh níos luaithe de réir aon teideal agus sa chás go bhfuil forluí (ainmhí céanna) teoranta don chlár agus don phas.

Meastar gurb é **"neamhréiteach sa chlár tréada"** ná earráidí cléireachais maidir le hiontráil, mar shampla fireann in áit baininne.

Is éard is brí le **"Iontrálacha ar iarraidh"** sa chlár tréada ná mainneachtain iontráil a dhéanamh i ndáil le hidirbheart, mar shampla, má tá taifead sa chlár ach nach bhfuil aon iontráil i ndáil le dáta an idirbhirt.

Is éard is brí le **"mainneachtain clár tréada a choinneáil"** ná mainneachtain iontráil a dhéanamh i ndáil le hiontrálacha d'ainmhithe a chaithfear iontráil sa chlár ar feadh tréimhse níos faide ná 1 mhí roimh dháta na cigireachta.

Is éard is brí le **"fógairt neamhchruinn"** ná go bhfuarthas fógairt go bhfuil earráid ann a chuireann moill ar chlárú.

Baineann na sainmhínithe seo le gnáth-idirbhearta agus ní áiríonn siad neamh-chomhlíonadh in aon turas.

Sa chomhthéacs cigireachta, nuair nach dtarraingíonn an leibhéal neamh-chomhlíonta pionós airgid, ní chuirfear na sáruithe sin san áireamh ag an dara cigireacht, mar go meastar go bhfuil siad neamhthábhachtach agus ní bhreithnítear orthu mar riosca. Is é sin le rá, mura bhfuil aon phionós airgid ag an gcéad chigireacht, tosóidh an coimeádaí aon chigireacht sa todhchaí "as an nua". Mar sin féin, ní féidir breathnú ar sháruithe arís agus arís eile i ndáil leis an ainmhí céanna mar rud neamhthábhachtach, agus gearrfar pionós ag an dara chigireacht. Ag aon chigireacht ina dhiaidh sin, (eadhon, i ndiaidh na dara cigireachta), laistigh de thréimhse trí bliana, sa chás go sáraítear an rialachán arís, cuirfear san áireamh gur leanadh leis an neamh-chomhlíonadh.

Sampla:

Tá neamhréiteach cláir ag feirmeoir ag an gcéad chigireacht i 2005. De réir an tábla thuas, cuirfear an feirmeoir ar an eolas faoin neamh-chomhlíonadh gan aon laghdú ar an íocaíocht. Má thagtar ar neamhréiteach eile ag an dara chigireacht, i 2007 mar shampla, cuirfear an feirmeoir ar an eolas arís faoin neamh-chomhlíonadh gan aon laghdú ar an íocaíocht. Cuirfear é/í ar an eolas go mbeidh laghdú airgid mar thoradh ar an neamh-chomhlíonadh má thagtar ar a leithéid de neamhchomhlíonadh arís laistigh de 3 bliana (eadhon, chomh fada le 2010).

Breithneofar ar neamhréiteach cláir mar neamhréiteach amháin agus ní ardóidh líon na neamhréiteach seo méid an phionóis. Mar sin féin, sa chás nár coinníodh an clár ar chor ar bith ar feadh tréimhse mí, beidh pionós 1% infheidhmithe.

Breithneofar ar neamhréiteacha pasanna nó pasanna amú mar neamhréiteach amháin agus ní ardóidh líon na neamhréiteach seo méid an phionóis.

Neamh-chomhlíonadh in aon turas

Ní leagfar pionóis as ucht neamh-chomhlíonadh in aon turas ach amháin nuair atá dóthain fianaise ann chun tacú leis an tuairim seo.

Réimse 2: Sláinte Poiblí agus Ainmhithe – Aitheantas agus Clárú Ainmhithe (caoirigh)

Measúnú ar fhionnachtan na cigireachta

Sa chás go meastar go bhfuil an leibhéal neamh-chomhlíonta neamhthábhachtach agus trí thimpist, tabharfar an deis don fheirmeoir an earráid nó an neamhréiteach a cheartú gan aon phionós airgid a leagadh air/uirthi. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-ainmhí/na hainmhithe i gceist a bheith faoi réir srianta go dtí go gceartófar an earráid nó an neamhréiteach. (Feic an Tábla thíos).

Chomh maith leis sin, sa chás go dtagann aon neamhréiteach i ndáil le haitheantas nó clárú chun solais agus go bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon fhreagracht ag an gcoimeádaí ina leith, ní leagfar aon phionós.

Sa chás go bhfuil an leibhéal neamh-chomhlíonta a nochtfar níos mó ná mar atá curtha síos sa tábla, leagfar pionós agus cinnteofar an leibhéal (1%, 3% nó 5%) bunaithe ar mhéid, géire agus buaine an ábhair.

Iarscríbhinn 3 - Tábla
Neamhréiteach sa chlár tréada (agus é idirdhealaithe ó mhainneachtain clár a choinneáil)
Clár Tréada neamh-chomhlánaithe ach duillíní ábhartha ar fáil leis an gclár
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár tréada (agus é idirdhealaithe ó mhainneachtain clár a choinneáil)
Neamhréiteach san áireamh
Gan aon áireamh le bliain anuas
5 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada suas go 50 ainmhí 7 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 51 go 100 ainmhí 12 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 101 go 150 ainmhí 17 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 151 go 200 ainmhí 20 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 201 go 250 ainmhí 25 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 251 go 300 ainmhí 30 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 301 go 400 ainmhí 40 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 401 go 600 ainmhí 50 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ó 601 go 1000 ainmhí 60 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada os cionn 1000 ainmhí
Earráid cléireachais i seolduillín

Ní thiocfaidh aon phionós as na meascáin seo a leanas de na míreanna thuasluaite:
Neamhréiteach sa chlár agus an áireamh
Neamhréiteach sa chlár and gan aon áireamh le bliain anuas
Neamhréiteach sa chlár agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le clibeanna ar iarraidh
Neamhréiteach sa chlár agus earráidí cléireachais i seolduillín
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus neamhréitigh san áireamh
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus ag brath ar mhéid an tréada, le clibeanna ar iarraidh
Iontrálacha ar iarraidh sa chlár agus earráidí i seolduillín
Neamhréiteach san áireamh agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le clibeanna ar iarraidh
Neamhréiteach san áireamh agus earráidí cléireachais i seolduillín
Gan aon áireamh le bliain anuas agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le clibeanna ar iarraidh
Gan aon áireamh le bliain anuas agus earráidí cléireachais i seolduillín
Ainmhithe le clibeanna ar iarraidh (ag brath ar mhéid an tréada) agus earráidí cléireachais i seolduillín
Neamhréiteach sa chlár agus san áireamh agus earráid cléireachais i seolduillín
Neamhréiteach sa chlár agus san áireamh agus ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le clibeanna ar iarraidh
Neamhréiteach san áireamh, agus, ag brath ar mhéid an tréada, ainmhithe le clibeanna ar iarraidh agus earráidí cléireachais i seolduillín
Meascán de neamhréiteacha sa chlár, seolduillíní, áireamh agus ainmhithe le clibeanna ar iarraidh. Tá an meascán infheidhmithe sa chás nach sáraítear na teorainneacha ar mhéid an tréada a sainmhíníodh níos luaithe in aon réimse.

Meastar gurb é **"neamhréiteach sa chlár tréada"** ná earráidí cléireachais i ndáil le hiontráil, mar shampla fireann in áit baininne.

Is éard is brí le **"Iontrálacha ar iarraidh"** sa chlár tréada ná mainneachtain iontráil a dhéanamh i ndáil le hidirbheart, mar shampla, má tá taifead sa chlár ach gan aon iontráil i ndáil le dáta an idirbhirt.

Is éard atá i gceist le **"áireamh"** ná comhaireamh bliantúil caorach. Tarlaíonn **"neamhréiteach"** nuair atá an comhaireamh ceart agus earráid ann i laghdú de bharr ceannach nó méadú de bharr díolacháin chun teacht le huimhir na bliana roimhe sin.

Is éard is brí le **"mainneachtain clár tréada a choinneáil"** ná nár coinníodh an clár suas chun dáta ar feadh tréimhse níos faide ná dhá mhí roimh dháta na cigireachta agus go raibh níos mó ná idirbheart amháin sa tréimhse sin.

Baineann siad seo le gnáthidirbhearta agus ní áirítear leo cúbláil na sonraí in aon turas.

Sa chomhthéacs cigireachta, nuair nach dtarraingíonn an leibhéal neamh-chomhlíonta pionós airgid, ní chuirfear na sáruithe sin san áireamh ag an dara chigireacht, mar go meastar go bhfuil siad neamhthábhachtach agus ní bhreithnítear orthu mar riosca. Is é sin le rá, mura bhfuil aon phionós airgid ag an gcéad chigireacht, tosóidh an coimeádaí aon chigireacht sa todhchaí "as an nua". Mar sin féin, ní féidir breathnú ar sháruithe arís agus arís eile i ndáil leis an ainmhí céanna mar rud neamhthábhachtach, agus gearrfar pionós ag an dara chigireacht. Ag aon chigireacht ina dhiaidh sin, (eadhon, i ndiaidh na dara cigireachta), laistigh de thréimhse trí bliana, sa chás go sáraítear an rialachán arís, cuirfear san áireamh gur leanadh leis an neamh-chomhlíonadh.

Sampla:

Tá neamhréiteach cláir ag feirmeoir ag an gcéad chigireacht i 2005. De réir an tábla thuas, cuirfear an feirmeoir ar an eolas faoin neamh-chomhlíonadh gan aon laghdú ar an íocaíocht. Má thagtar ar neamhréiteach eile ag an dara chigireacht, i 2007 mar shampla, cuirfear an feirmeoir ar an eolas arís faoin neamh-chomhlíonadh gan aon laghdú ar an íocaíocht. Cuirfear é/í ar an eolas go mbeidh laghdú airgid mar thoradh ar an neamh-chomhlíonadh má thagtar ar a leithéid de neamhchomhlíonadh arís laistigh de 3 bliana (eadhon, chomh fada le 2010).

Breithneofar ar neamhréiteach cláir mar neamhréiteach amháin agus ní ardóidh líon na neamhréiteach seo méid an phionóis.

Neamh-chomhlíonadh in aon turas

Ní leagfar pionóis as ucht neamh-chomhlíonadh in aon turas ach amháin nuair atá dóthain fianaise ann chun tacú leis an tuairim seo.

IARSCRÍBHINN 4
GIORRUITHE AN SCÉIM UM ÍOCAÍOCHT SHINGIL

BHR	Clár Tréad Buaibheach
CAP	Common Agriculture Policy
CFP	Plean Creat Oibre Coimín
CMMS	Córas Faireacháin Ghluaiseacht Eallaigh
DAF	An Roinn Talmhaíochta agus Bia
DEHLG	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
EC	Coimisiún na hEorpa
EU	an tAontas Eorpach
GAEC	Caoi Mhaith Talmhaíochta agus Timpeallachata
GFP	Dea-chleachtas Feirmeoireachta
LFAanna	Ceantair Níos Lú Fabhraithe
LPIS	Córas Aitheantais Dáileachtaí
NHAanna	Limistéir Oidhreactha Nádurtha
NMP	Plean Bainistíochta Cothaitheach
NPITS	Córas Náisiúnta Aitheantais agus Clibeála Muc
NPWS	Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra:
REPS	Scéim Cosanta Comhshaoil Tuaithe
SAC	Limistéir Speisialta Caomhnaithe
SPA	Limistéir Speisialta Cosanta
SMRanna	Riachtanais Reachtúla Bainistíochta